

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2019



**Teideal Íomhá an Chlúdaigh tosaigh:** Nanabhláthanna Sintéisithe

**Buaiteoir Íomhá na Bliana de chuid Thaighde FEÉ 2019:** An Dr Han Shao, Taighdeoir Iardhochtúireachta, Institiúid Náisiúnta Tyndall

Rinneadh an struchtúr nanachalógach cóbailt fosfáite seo le taca ó chúr nicile a shintéisiú trí mhodh hidriteirmeach simplí. Léirítear san íomhá EDX (gan dochtúireacht bhreise) dáileadh na n-eilimintí éagsúla (Ni-dearg, Co-corca, O-gorm, P-glas) a bhaineann le micreastruchtúr cóbailt fosfáite. D'fhás an nanachalóg amach i dtreonna difriúla, agus cruth micreastruchtúr cosúil le bláth air, rud a chabhraíonn le feidhmíocht stórála fuinnimh a mhéadú. Le toilleadh stórais agus fad saoil níos fearr, is féidir an gaireas bunaithe ar chóbalt fosfáite a úsáid i séadairí cairdiacha saorga de chuid na chéad ghlúine eile mar fhoinsé fuinnimh in-athluchtaithe a mhairfidh níos faide ná 15 bliana.

## Clár na nÁbhar

Príomhstaitisticí 2019	2
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	7
Bliain faoi Athbhreithniú	10
Eolaíocht den Scoth	16
Tallann agus Scileanna	19
Lorg Domhanda	26
Iomaíochas a chur chun cinn	31
Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla	42
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	60
Punann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Úra	86
Ceangaltais Deontas agus Anailís ar Íocaíochtaí	88
Painéil Piarmheasúnuithe FEÉ	110

Creidimid go dtéann eolas agus tuiscint eolaíoch chun sochair na sochaí agus an gheilleagair go léir – glac páirt sa chomhrá ar líne ag

**#BelieveInScience**  
**@scienceirel**

### Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (STEM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta chun cinn in Éirinn. Chomh maith leis sin cuireann sé oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus tacaíonn sé leis chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus chun tacú le todhcháí gairmeacha STEM. Féach [www.sfi.ie](http://www.sfi.ie) chun tuilleadh eolais a fháil.

## Príomhstaitisticí 2019

### Eolaíocht den Scoth

Tá Éire sa <sup>1</sup>...

**12ú**

háit san  
eolaíocht  
dhomhanda

Tá

**27**

de na taighdeoirí  
is mó luaite  
ar domhan  
maoinithe ag FEÉ

Ireland ranks <sup>1</sup>...

**1ú áit**

Imdhíoneolaíocht

**2ú háit**

Eolaíochtaí  
Talmhaíochta

**5ú háit**

Néareolaíocht

**5ú háit**

Eolaíochtaí na  
nÁbhar

**9ú háit**

Bitheolaíocht  
Mhóilíneach agus  
Géinitic

**9ú háit**

Micribhitheolaíocht

Tá Éire sa <sup>2</sup>...

**1ú áit**

Ar domhan le haghaidh  
scaipeadh eolais

**3ú háit**

Le haghaidh  
tionchar eolais

**5ú háit**

Le haghaidh ionsú  
eolais

**12ú háit**

Don tír is nuálaí

Tuairiscíodh **4,936** foilseachán

Tá 2.69 níos mó seans ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag FEÉ ina scothfoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda<sup>3</sup>

### Tallann agus Scileanna

Tacaíonn FEÉ le

**39,840**

Post, go díreach nó go hindíreach, in Éirinn

**5,272**

Duine ag obair ar thionscadal a dtacaíonn FEÉ leis

Méadú

**26%**

ar ghníomhaíochtaí oideachais agus rannpháirtíochta poiblí

Tugadh tacaíocht do

**1,834**

mac léinn iarchéimí

<sup>1</sup> InCites by Clarivate Analytics

<sup>2</sup> Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2019

<sup>3</sup> Is ionann scothfoilseacháin agus foilseacháin sa chéad 1% de na foilseacháin is mó luaite, go domhanda

## Lorg Domhanda

2,894 comhoibriú idirnáisiúnta in 75 tír




Is comhoibriú acadúil idirnáisiúnta é

71%

den chomhoibriú iomlán

## Iomaíochas a chur chun cinn



## Luach ar airgead

Ón €188 million, milliún, gearáil infheistíochtaí FEÉ:

€223m Maoiniú seachtrach iomlán

€148m Maoiniú iomlán nach ón Státchiste é

€98m buaite ón AE

15 Dámhachtain ERC buaite ag taighdeoirí FEÉ

## Forbairt Réigiúnach

976

Comhoibriú réigiúnach tionscail in Éirinn

539

Comhoibriú le Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN)

437


Comhoibriú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM)

Réigiún an Tuaiscirt & Réigiún an Iarthair  
50 CIN / 85 FBM

Tuaisceart Éireann  
8 CIN / 14 FBM

Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre  
291 CIN / 235 FBM

Réigiún an Deiscirt  
190 CIN / 103 FBM





## Iomaíochas a chur chun cinn

### Ionaid Taighde FEÉ

Chuaigh sé Ionad Taighde FEÉ ar aghaidh go dtí a ndara clár taighde sé bliana, i ndiaidh mionphróiseas piarmheasúnuithe idirnáisiúnta. Mar chuid de na tiomantais i dTionscadal Éire 2040, rachaidh an infheistíocht seo dar luach **€230 milliún** chun sochair go díreach do thart ar **850** taighdeoir atá fostaithe ag na hIonaid, agus tacóidh sé freisin le tionscnamh Poist Amach Anseo, Éire de chuid an Rialtais. Neartaíonn tacaíocht tionscail an infheistíocht freisin, le **170** comhpháirtí tionscail tiomanta do bhreis agus **€230 milliún** a infheistiú in íocaíochtaí airgid agus íocaíochtaí comhchineáil chun tacú le comhthaighde leis na hIonaid.



## Tallann Amach Anseo

### Ionaid FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde

Bunaíodh sé Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde chun soláthar a dhéanamh dár riachtanais scileanna amach anseo trí oiliúint a chur ar **700** mac léinn PhD i scileanna digiteacha, sonraí agus TFC. Tá **11** Institiúid Ardoideachais i gceist leis an gcomhoibriú agus tá **90** comhpháirtí tionscail ag teacht le chéile chun clár oiliúna nuálaíochta a fhorbairt i réimsí tábhachtacha na hanailísíochta sonraí agus a cur i bhfeidhm i ngnó, sláinte, talmhaíocht agus go leor earnálacha eile.



## Maoiniú Dúshlán-bhunaithe

### Nua Nuálaíochta Bunathraithí

Lainseáladh an chéad chlár maoinithe dúshlán-bhunaithe de chuid FEÉ in 2019, nuair a bunaíodh Duais Nuálaí Amach Anseo FEÉ. Bhí dhá fhoireann déag idirdhisciplíneacha san iomaíocht don duais €1 mhilliún i ndúshlán chun réitigh bhunathraitheacha a fhorbairt le haghaidh saincheisteanna sochaíocha. Bronnadh an duais ar an Dr Alison Liddy agus a foireann tionscadail in OÉ Gaillimh dá dtionscadal Hidreabloc, cóireáil núíosach agus bhunathraitheach do dhaoine atá ag fulaing le pian ainsealach.



## Eolaíocht den Scoth

### Teorainneacha FEÉ don Todhchaí

In 2019, lainseáladh clár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí chun deiseanna a sholáthar do thaighdeoirí neamhspleácha chun comhthaighde fíor-nuálach a dhéanamh agus an poitéinseal ann chun tionchar a imirt, agus san am céanna deiseanna a sholáthar do thionscadail ardriosca, ardluaíochta. Ba mhó i bhfad an t-éileamh ná áit ar an gclár le hiarratais den chéad scoth. Tá sé á sheachadadh i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tríd an gclár, tá FEÉ tiomanta do líon na ndeontas atá ag taighdeoirí ar mná iad a ardú.



**An tOllamh Peter Clinch,**  
Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta  
Éireann

## Ráiteas an Chathaoirligh

I ndiaidh dom ról Chathaoirleach an Bhoird a ghlacadh orm féin Lúnasa seo caite, tá áthas orm mo chéad réamhrá a scríobh do thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta. Tá rath FEÉ, go dtí seo, tógtha ar chomhpháirtíochtaí láidre le taighdeoirí, institiúidí ardoideachais, tionscal, agus rialtas. Thar aon ní eile, tá sé ag brath ar fhlaithiúlacht mhuintir na hÉireann a gcuirtear a gcánacha de chúram ar FEÉ chun tacú le taighde d'ardchaighdeán, atá mar bhonn agus mar thaca do chumas táirgiúil meántéarmach an gheilleagair, agus tugann sé réitigh ar dhúshlán mhór an domhain.

Is ábhar misnigh dom é na héachtaí iontacha a rinneadh i gcóras taighde na hÉireann le bliain anuas. De thoradh infheistíocht FEÉ dar luach €188 milliún, ghíaráil taighdeoirí maoiniú seachtrach iomlán dar luach €223 milliún. Tacaíonn sé seo le gníomhaíochtaí ar fud na hÉireann trí 976 comhoibriú tionscail réigiúnacha. Leanann líonra Ionad Taighde FEÉ ar aghaidh le heolaíocht den scoth a sholáthar i gcomhar lena chomhpháirtithe tionscail. I ndiaidh mionphróiseas piarmheasúnuithe idirnáisiúnta, chuaigh sé Ionad Taighde FEÉ ar aghaidh go dtí a ndara clár taighde sé bliana, ag seachadadh thosaíochtaí an Rialtais a dtugtar achoimre orthu i dTionscadal Éire 2040. Laineáladh an chéad Mhaoiniú Dúshlán de chuid FEÉ nuair a bunaíodh Duais Nuálaí Amach Anseo FEÉ. Sa chlár seo, bhí dhá fhoireann déag idirdhisciplíneacha san iomaíocht ar feadh na bliana don duais €1 mhilliún, i ndúshlán chun réitigh bhunathraitheacha a fhorbairt le haghaidh saincheisteanna sochaíocha.

Príomhthosaíocht do FEÉ is ea tacú le tallann den scoth in STEM chun leanúnachas a chinntiú i gcás daoine a mbeidh gairmeacha rathúla acu sa saol acadúil nó i dtionscal, agus cabhróidh siad le fás agus forbairt gheilleagar agus shoचाí na hÉireann. Cuireadh an-spéis i gclár Teorainneacha don Todhchaí de chuid FEÉ nuair a seoladh é, le hiarratais den chéad scoth. Soláthraíonn an clár deiseanna do thaighdeoirí neamhspleácha chun comhthaighde fíor-nuálach a dhéanamh, agus san am céanna deiseanna a sholáthar do thionscadail ardriosca, ardluaíochta. Lena chois sin, mar fhreagairt ar riachtanais scileanna na hÉireann amach anseo, agus chun díriú ar réimsí a bhfuil deiseanna ag fás iontu, bunaíodh sé Ionad nua FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde chun tacú leis na 700 mac léinn PhD i réimsí tábhachtacha na hanailísíochta sonra agus TFC.

Cruthaíonn Covid-19 go leor dúshlán d'Éirinn agus tá sé dúshlánach do FEÉ mar eagraíocht freisin. Mar sin féin, thug an ghéarchéim an sampla ba shoiléire fós maidir lena thábhachtaí agus atá forbairt acmhainne i dtaobh cúrsaí taighde. Tá ár bpobal taighde ar thús cadhnaíochta maidir leis an ngéarchéim a bhainistiú agus thug FEÉ ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann le chéile agus d'oibrigh sé as lámh a chéile leis an mBord Taighde Sláinte agus Comhairle na hÉireann um Thaighde Fuinnimh i nGairm Mhearfheargartha Covid-19. Is iontach go bhfuil dea-cháil ar fhoirne

taighde na hÉireann agus iad ag comhoibriú leis na cuibhreannais is fearr ar domhan.

Thug infheistíocht bhreise ón Stát i dTaighde agus Forbairt spreagadh d'acmhainn taighde na hÉireann. Mar sin féin, tá an infheistíocht seo faoi mheán an Aontais Eorpaigh (AE) agus níor cuireadh an tiomantas i Nuálaíocht 2020 chun an chomhinfeistíocht phríobháideach agus phoiblí i dtaobh Taighde agus Forbartha a mhéadú go dtí 2.5% d'olltáirgeacht intíre i gcrích faoi 2020. Dá thoradh sin ba mhó moltaí taighde ná mar a bhí FEÉ, ná ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta, in ann a mhaoiniú. Is é an dúshlán do FEÉ sna blianta atá amach romhainn obair leis an rialtas, ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta, na hinstiúidí ardoideachais, tionscal, agus an pobal taighde go léir, chun leibhéal cuí infheistíochta i dTaighde agus Forbairt a chinntiú ionas gur féidir leis an bpobal taighde soláthar a dhéanamh d'aghaidh a thabhairt ar dhúshlán gheilleagracha agus shóisialta.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bpobal taighde, na hinstiúidí ardoideachais, comhpháirtithe tionscail, mo chomhchomhaltaí Boird, agus foireann fhíordhíograiseach FEÉ as a n-obair chrua le 12 mhí anuas. Thar ceann an Bhoird, míle buíochas, go mór mór, le foireann FEÉ as a solúbthacht, agus inoiriúnaitheacht, mar fhreagairt ar ghéarchéim Covid-19. Tá d'obair ag cabhrú linn chun Éire níos láidre a thógáil.



**An tOllamh Peter Clinch**

Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann





**An tOllamh Mark Ferguson,**  
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta  
Éireann (FEÉ)

## Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

Mar a shonraítear sa tuarascáil seo, agus mar a d'achomrigh an Cathaoirleach, ba bhliain mhaith eile í 2019 d'eolaíocht in Éirinn. Bhaineamar an-chuid amach, lena n-áirítear sé Ionad Taighde FEÉ a athmhaoiniú i ndiaidh mion-piarmheasúnú idirnáisiúnta, agus Ionaid FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde a bhunú. Soláthróidh siad seo breis agus 700 céimí PhD nua i réimsí fíorthábhachtacha, amhail anailísíocht sonraí agus intleacht shaorga, a bhfuil éileamh mór i measc fostóirí orthu. Tá comhoibriú agus rannpháirteachas i gceist leis an dá chlár ó phríomhthaighdeoirí ar fud Institiúidí Ardoideachais uile na hÉireann agus Tionscail, ag baint leas as an oiread éifeachtúlachta agus is féidir agus ag soláthar an eispéiris oiliúna agus taighde is fearr. Tá cómhaoiniú suntasach i gceist leo freisin ó Thionscal agus ón AE, mar aon le comhoibriú idirnáisiúnta le ceannairí taighde domhanda.

In 2019, chonacthas an leathadh amach rathúil maidir le maoiniú Dúshláin trí Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ. Is uirlis thábhachtach nua é maoiniú Dúshláin agus forbrófar an clár amach anseo, agus FEÉ mar an phríomhghníomhaireacht náisiúnta. Tugann Teorainneacha FEÉ don Chlár Amach Anseo spreagadh do thaighde faoi threoir duine aonair. Dearadh é chun iarratais níos rathúla a spreagadh ó thaighdeoirí ar mhná iad agus taighdeoirí atá ag teacht chun cinn agus atá ag cur iarratas faoi bhráid FEÉ den chéad uair, mar aon le taighdeoirí seanbhunaithe.

### Clár Oibre 2020

2019 ba ea an bhliain dheireanach freisin de straitéis FEÉ, Clár Oibre 2020. Ar fud na bliana lorgaíomar comhairle go forleathan agus dhréachtaíomar straitéis nua a lainseálfar in 2020. Tugaim achoimre anseo i bhfoirm tábla de roinnt de na héachtaí i gClár Oibre 2020, mar chomparáid idir an bhliain tosaigh (2012) agus an bhliain dheireanach (2019).

	2012	2019
<b>Taighde den Scoth</b>		
Rangú domhanda	20	12
Líon na dtaighdeoirí is mó atá luaite ar domhan	5	27
Ollúna taighde réalta agus ceannairí taighde amach anseo earcaithe	41	73
<b>Iomaíochas Tionscail</b>		
Ionaid Taighde FEÉ	0	16
Comhpháirtithe cómhaoinithe tionscail	0	21 (€32m)
Cuideachtaí comhoibrithe carnacha Tionscail ag cómhaoiniú taighde poiblí le hairgead	€8m	€102.5m
Comhoibrí tionscail	702	1,170
Comhaltachtaí Tionscail Iomlán	0	202

	2012	2019
<b>Tallann agus Scileanna</b>		
Taighdeoirí faoi thacaíocht FEÉ	2,815	5,272
Mic léinn iarchéime arna dtacú	1,231	1,834
Comhaltachtaí Taighde Ollscoile de chuid an Chumainn Ríoga (maoinithe ag FEÉ)	0	20
Líon Iomlán Dámhachtaithe Boinn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ	0	10
Líon na mban a bhain dámhachtain amach	19%	28%
<b>Lorg Domhanda</b>		
Comhoibrithe Idirnáisiúnta	1,821 in 60 tír	2,894 in 75 tír
Cómhainiú carnach le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta	€5.8m	€106.6m
<b>Luach ar Airgead</b>		
Méid maoinithe gearáilte i Euro	€171m	€223m
Sochar geilleagrach don gheilleagar le haghaidh gach €1 a infheistítear in Ionad Taighde FEÉ	neamhbhainteach	5x
<b>Oideachais agus Rannpháirtíocht Phoiblí</b>		
Líon scoileanna a fuair Dámhachtainí Fionn Eolaíocht agus Matamaitic na Bunscoile FEÉ	421	620
Lucht féachana chlár RTÉ a mhaoinigh FEÉ, e.g. Big Week on the Farm	neamhbhainteach	1,967,000

Cé go bhfuil bród orainn as an méid a bhaineamar amach, tá idir dúshláin agus deiseanna romhainn.

## Dúshláin

Is í straitéis náisiúnta na hÉireann bheith ina ceannaire nuálaíochta, chun an tseirbhís is fearr a chruthú dár dtodhchaí trí oideachas den chéad scoth a sholáthar, cuideachtaí dúchasacha a fhorbairt, infheistíocht isteach a mhealladh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, amhail athrú aeráide. Tá sé seo ar fad ag tarlú agus an t-iomaíochas domhanda ag éirí níos géire agus imeachtaí nádúrtha nó polaitíochta ann. Mar atá ríshoiléir ó bhainistiú COVID-19 agus Brexit araon, tá taighde agus nuálaíocht fíorthábhachtach - ag cur ar ár gcumas freagairt go mear agus go héifeachtach, agus ag tiontú ar dheiseanna nua ina dhiaidh.

Beidh seasmhacht mar seo níos tábhachtaí fós sa todhchaí. Mar thoradh ar an mbuntáiste iomaíoch a bhaineann le hinfheistiú i dtaighde agus nuálaíocht tá go leor tíortha ag méadú a mbuiséid go suntasach maidir le maoiniú taighde agus nuálaíochta náisiúnta. Dhírigh Éire ar an oiread leasa agus is féidir a bhaint as éifeachtúlacht - cur chuige rathúil - mar a fheictear ó thábla Chlár Oibre 2020, agus nuair a rangai Eurostat Éire mar an tír is éifeachtúla san Eoraip ó thaobh taighde agus nuálaíochta de.

Is beag gnóthachan éifeachtúlachta atá fágtha, agus níl buiséad FEÉ gob ar ghob le feidhmíocht mhéadaithe an fhiontar taighde. Tá dhá thoradh neamh-inmhianaithe air seo - éagumas méadaitheach FEÉ chun go leor de na hiarratais iontacha agus shuaithinseacha a fhaighimid a chistiú, agus éagumas FEÉ i dtaobh gach clár a fheidhmiú, gach bliain. Tá tionchar suntasach aige seo, go háirithe ar thaighdeoirí luathghairme, agus ar chómhainiú tionscail a bhfuil laghdú air i mbliana - mar chuid go páirteach d'éagumas FEÉ chun clár amhail Spokes nó Ionaid Taighde FEÉ a sheoladh.

Anois an t-am chun infheistíocht a mhéadú. Is príomhfhócas é seo de straitéis nua FEÉ. Fiú amháin dá gcloífeadh fiontar taighde éifeachtach na hÉireann lena sárfeidhmíocht reatha, is dócha go dtitfidh Éire ina rangú idirnáisiúnta, ina hiomaíochas agus ina tarraingteacht, go díreach de bharr go bhfuil go leor tíortha eile ag méadú

a n-infheistíochtaí agus a bhfeidhmíocht náisiúnta go sonrach i dtaighde agus i nuálaíocht. Is léir go bhfuil sé fíorthábhachtach go ndéanfar tallann a fhorbairt, a mhealladh, a fhás agus a choimeád ar mhaithe le rathúnas amach anseo.

Ag leibhéal gníomhaireachta, ní mór do FEÉ a hardchaighdeáin reatha a choimeád, agus í sofhreagrúil, freagrúil, agus nuálach san am céanna. Is sampla maith de sin é ár nGlairm Mhearfheagartha COVID, agus ní mór an leibhéal ard comhoibrithe Idirghníomhaireachta agus éifeachtúlachta a amach anseo a phríomhshruthú

## Deiseanna

Cruthóidh an fhionnachtain eolaíochta ar luas lasrach deiseanna móra millteacha le haghaidh nuálaíochtaí fionnachtana a chruthóidh margáí nua, a fhorbróidh geilleagair agus a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin sochaíocha, lena n-áirítear athrú aeráide a bhainistiú agus a mhaolú. Tá Éire ag iarraidh bheith ina ceannaire sa todchaí nua, níos fearr seo. Trí leanúint ar aghaidh lenár n-infheistíocht a fhás i dtaighde agus nuálaíocht forbróimid, meallfaimid, fásfaimid agus coimeádfaimid an tallann atá de dhíth orainn chun bheith ina tír níos iomaíche agus níos tarraingtí fós ina n-infheisteoidh agus ina bhfásfaidh cuideachtaí, agus ina mbeidh fonn ar dhaoine cónaí ann. Is féidir teicneolaíochtaí trasfhoirmiúcháin an digitithe, an uathoibrithe, na hintleacht saorga, na biteicneolaíochta, agus na dteicneolaíochtaí glasa a chuimsiú ar bhealach dearfach chun deiseanna móra nua. Is féidir teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail candam a chothú ionas go mbeidh Éire ina ceannaire nuálach agus cruthóidh sé buntáiste an chéad tionscnóra. Is féidir le hÉirinn a ceannaireacht agus a rath a fhorbairt tuilleadh i gclár mhóra Eorpacha agus idirnáisiúnta. Agus níos gaire don bhaile, tá deiseanna móra ann chun comhoibriú a mhéadú le Tuaisceart Éireann le héiceachóras taighde uile-oileáin a chruthú.

Léirítear sna héachtaí a ndírítear aird orthu sa tuarascáil bhliantúil seo na rudaí iontacha atá ag tarlú faoi láthair, agus an poitéinseal le haghaidh torthaí níos fearr fós amach anseo arson. Tá an-dóchas ar fad orm fós.

## Buíochas

Tá buíochas nach beag ag dul do raon leathan páirtithe leasmhara FEÉ: an saol acadúil, Tionscal agus an rialtas as an méid a baineadh amach in 2019. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Thaoiseach, Leo Varadkar TD, an Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht Heather Humphreys TD, agus an Aire Stáit le freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD, agus an líon mór ionadaithe tofa as a dtacaíocht leanúnach ar fud na bliana. Glacaim buíochas leis an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht, dála go leor ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus Institiúidí Ardoideachais eile a mbímid ag comhoibriú leo.

Gabhaim buíochas lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus tionscail as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht le cómhaoiniú ár gclár agus dámhachtainí comhpháirtíochta. Glacaim buíochas lenár bpobal taighde dá gcomhpháirtíocht leanúnach, dá gcruthaitheacht agus dá nuálaíocht. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt d'fhostaithe uile Fhondúireacht Eolaíochta Éireann as a dtiomantas agus a dtacaíocht maidir le spriocanna FEÉ a bhaint amach.



### An tOllamh Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus  
an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

2019

# Bliain faoi Athbhreithniú



Dámhachtaithe SFI SIRG: An Dr Cristina Trujillo (Coláiste na Tríonóide), An Dr Amanda Sosa-Avendano (Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), An Dr Fiona McDonald (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), An Dr Sinead McParland (Teagasc), An Dr Maria Prencipe (Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Dr Rebeca Garcia Lopez (DIAS).

## Eanáir

- » D'infheistigh FEÉ i dtallann taighde luathghairme le 20 dámhachtain i réimse na sláinte, an fhuinnimh, na timpeallachta, na n-ábhar agus na teicneolaíochta faoi Chlár Deontais Taighde Taighdeora Tosaigh FEÉ.

## Feabhra

- » Fógraíodh comhinfeistíocht 39 milliún RA-Éire ag nascadh Ionaid Taighde FEÉ den chéad scoth agus Institiúidí Ardoideachais na Ríochta Aontaithe i seacht Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta chomhpháirteacha nua, chun an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí ag leibhéal dochtúireachta a ullmhú ar fud na n-eolaíochtaí innealtóireachta agus fisiceacha.
- » D'fhógair Taighdeoirí ó AMBER, Ionad Taighde FEÉ d'Ard-Ábhair agus Bithinnealtóireachta a óstáladh i gColáiste na Tríonóide forbairt ábhair nua chun feabhas a chur le saolré ceallraí.
- » D'fhoilsigh Ollamh Taighde FEÉ, an tOllamh Wenxin Wang, agus a fhoireann i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) fionnachtain maidir leis an gcuardach ar leigheas ar eipideirmú bullóis (EB), tríd an mac-chuideachta Bunús Branca.
- » Fuair oideachas STEM agus tionscadail rannpháirtíochta poiblí, lena n-áirítear tionscnaimh le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht maoiniú trí Chlár Fionn FEÉ.



An tOllamh Peter Gallagher agus Áine Flood ag seoladh Dhámhachtainí Fionn FEÉ, ag déanamh ionadaíochta ar son Lár Tíre Réalteolaíoch: Ag Dul i mbun Teagmhála le Pobail Tuaithe leis an tionscadal I-LOFAR

- » **Fógraíodh an chéad chlár maoinithe** dúshlánbhunaithe le 12 fhoireann idirdhisciplíneacha san iomaíocht le haghaidh Duais do Nuálaí Amach Anseo FEÉ €1 mhilliún, chun réitigh bhunathraitheacha ar shaincheistanna sochaíocha.
- » **Ba chuid d'fhoireann** a d'aimsigh na céadta mílte réaltraí nach bhfacthas cheana é teileascóp Eagair Ísealmhínicíochta a bhí tacaithe ag FEÉ, agus taighdeoirí COBÁC.



Foirme Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ

## Márta

- » **Bronnadh Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ** ar an bpríomhghaistrentreolaí, an tOllamh Eamonn Quigley, agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Boston Scientific, an tUas. Michael Mahoney.
- » **Infheistíodh €100 milliún** i sé Ionad FEÉ nua le haghaidh Oilíúint Taighde chun 700 mac léinn a oilíúint i réimsí atá aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta don todhchaí maidir le riachtanais scileanna digiteacha, sonraí agus TFC.
- » **Threoraigh taighdeoirí ailse i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** forbairt tástála nua epiCaPture chun ailse phróstataigh a aimsiú.
- » **D'fhógair Ionad Taighde FEÉ CÚRAM do Ghairis Leighis a óstáladh** in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh rannpháirtíocht i dtionscadal €15 mhilliún de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) chun aghaidh a thabhairt ar phian ainsealach in íochtar an droma.
- » **Bhí Seachtain na nInnealtóirí**, arna tacú ag Clár Fionn FEÉ, ar siúl ón 2 go dtí an 8 Márta ar fud na hÉireann chun saol na hinnealtóireachta a cheiliúradh.
- » **De bharr cros-chomhoibriú faoi stiúir Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide (MaREI)**, a d'óstáil Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, lainséladh an chéad bhus i gCorcaigh atá



Comhoibriú taighde ar bhus atá neodrach ó thaobh carbóin de i gCorcaigh.



Sa grianghraf tá foireann Ionad FEÉ le haghaidh Oilíúint Taighde in Ardíonraí um Shochaithe Inbhuanaithe in éineacht le hArd-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann, an tOllamh Mark Ferguson.



Sa ghrianghraf tá an Dr Sarah Hayes, Bainisteoir Oideachais, Oiliúna agus Rannpháirtíochta Pobail le SSPC, Ionad Taighde FEÉ um Chógaisíocht, ag fógra infheistíocht €230 milliún i sé Ionad Taighde FEÉ.



Sa ghrianghraf tá Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann, an tOllamh Mark Ferguson, in éineacht leis an gCoimisinéir Eorpach um Thaighde, Eolaíocht agus Nuálaíocht, Carlos Moedas.

## Aibreán

- » **Bhí Seachtain na Teicneolaíochta**, a bhí tacaithe ag Clár Fionn FEÉ, ar siúl ar fud na tíre chun spéis a mhúscailt i ngairmeacha teicneolaíochta agus STEM.
- » **D'fhógair AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ardábhar agus Bithinnealtóireachta** i gcomhar le I-Form, Ionad Taighde FEÉ d'Ard-Déantúsaíocht, a óstáladh i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, fionnachtain ábhair nua chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soláthair fuinnimh don mhargadh teicneolaíochta cliste inchaite.

## Bealtaine


- » **Infheistíodh €230 milliún** i sé Ionad Taighde FEÉ, ag tacú le 850 taighdeoir i réimsí na fótónaice, an fhuinnimh mhuirí in-athnuaite, na sláinte putóige, na hanailísíochta sonraí, na hard-déantúsaíochta cógaisíochta agus na n-ardábhar. Is féidir leat féachaint ar an bhfíseán [anseo](#).

## Meitheamh

- » D'óstáil FEÉ Fóram Chomhairleoirí Eolaíochta na hEorpa i gColáiste na Tríonóide, chun naisc a phlé idir an eolaíocht, an beartas, an tsochaí agus an pholaitíocht. Ar na príomhábhair bhí sonraí, iontaofacht i gcumarsáid agus intleacht shaorga.
- » **Tharla triail chliniciúil** Línra Ailse Fola na hÉireann agus cóireáil nuálach d'othair atá ag fulaing le Mialóma Iolrach i ndiaidh comhoibriú taighde a bhí tacaithe ag FEÉ.
- » **Ceapadh an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann**, ina Chathaoirleach ar Bhord Comhairliúcháin Chomhairle Nuálaíochta na hEorpa atá tagtha ar an bhfód le deireanas.

## Iúil

- » **Fógraíodh ceithre chomhaltacht Taighde Ollscoile Chumann Ríoga-FEÉ** a bhfuil ardmheas orthu i réimsí na róbataice, an stórais sonraí, na heolaíochta spáis agus na micreascópachta a bhaineann leis an gcéad ghlúin eile.
- » Rinne SFI ceiliúradh ar éagsúlacht agus comhionannas in STEM le himeacht intí le haghaidh #LGBTSTEMDay
- » **D'aimsigh staidéar Choláiste na hOllscoile Corcaigh** atá tacaithe ag FEÉ, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Foras na Mara plaisteach ag bun cainneoin fhomhuirí dhomhain, i ndiaidh turas taiscéalaíochta de chuid RV Celtic Explorer Fhoras na Mara



Feithicil Chianoibrithe Fhoras na Mara Ollainn 1 ag aisghabháil stáisiún monatóireachta. Grianghraf le caoinchead ó Zoe O'Hanlon agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## Lúnasa

- » **Ainmníodh an tOllamh Kevin O'Connor**, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ Bitheacnamaíochta BiOrbic a óstáladh i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar Bhord Misin Horizon na hEorpa do Chlaochlú Sochaíoch in Oiriúnú um Athrú Aeráide.
- » Fuair Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide (MaREI), a óstáladh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, €1.6 milliún i maoiniú AE do chomhoibriú athrú aeráide idir an Bhreatain Bheag agus Éire, trí thionscadal CCAT (Pobail Cois Cósta ag Dul i dTaithí ar Chúrsaí Le Chéile).



Rinne foireann FEÉ ceiliúradh ar éagsúlacht in STEM le caint ón Dr Shaun O'Boyle, Bunaitheoir Theach STEM, agus eagraí #LGBTSTEMday.

## Meán Fómhair

- » **Fuair tuarascáil gheilleagrach ó ADAPT**, Ionad Taighde FEÉ ADAPT le haghaidh Teicneolaíocht Inneachair Dhigitigh, a d'óstáil Coláiste na Tríonóide, amach gur shaothraigh intleacht shaorga €300 milliún le haghaidh gheilleagar na hÉireann.
- » **Tháinig taighdeoirí ó Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Anailísíocht Sonraí Insight**, atá lonnaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath banda rosta fréamhshamhla chun Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a aimsiú agus a aistriú ina téacs agus ina guth i bhfíor-am.



Bhí Seachtain Mhata ar siúl ar fud na tíre ón 12 – 20 Deireadh Fómhair agus é mar sprioc aici breis agus 400,000 duine a chlúdach.



Pléann an Dr Siobhan Roche, Stiúrthóir na hEolaíochta don Gheilleagar de chuid FEÉ agus an tOllamh Brian Fitzgerald, Stiúrthóir Lero, Ionad Taighde FEÉ, a d'óstáil Ollscoil Luimnigh, teicneolaíocht cairr gan tiomáint in Ollscoil Luimnigh. Íomhá le Sean Curtin, True Media.

## Deireadh Fómhair

- » **D'fhógair Ionad Taighde FEÉ SSPC do Chógaisíocht**, a d'óstáil Ollscoil Luimnigh taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar chruthú uisce ón aer.
- » **Bhí Seachtain Mhata Éireann**, atá tacaite ag Clár Fionn FEÉ, ar siúl chun tuiscint ar thábhacht mata a fheabhsú i measc an pobail.
- » **D'fhógair FEÉ comhoibriú taighde Spoke FEÉ 4.2 milliún** idir Ionad Taighde Lero, Insight agus CONNECT ar fheithiclí gan tiomáint, ag dul i mbun comhpháirtíochta le 11 chuideachta ó na réimsí uathghluaisneacha, tionscail agus talmhaíochta.
- » **Infheistíodh €25 milliún i sé thionscadal** trí Chlár Bonneagair Taighde FEÉ, mar chuid de Phoist Amach Anseo, Éire, chun tacú le bonneagar taighde ar fud teicneolaíochtaí féinrialaitheacha, cítiméadracht sreibe agus anailís géine, íomháu leighis, próiseas agus méadreolaíocht seomra íonghlain, breathnú aigéin, agus anailís mhóilíneach.



Sá phictiúr tá an Dr Timothy McCarthy (Ollscoil Mhaigh Nuad) in éineacht leis an Aire Humphreys agus Leas-Ardstiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Dr Ciarán Seoighe. Soláthróidh Ardán Náisiúnta Sonraí Teicneolaíochtaí Féinrialaitheacha an Ollaimh McCarthy sonraí féinrialaitheacha oscailte luachmhara trí dhámhachtain Bonneagair FEÉ.



## Samhain

- » [Fógraíodh Dámhachtainí Eolaíochta FEÉ 2019](#) ag aithint príomhcheannairí i bpobal taighde na hÉireann.
- » [Mhachnaigh dán FEÉ-coimisiúnaithe](#) ‘Everything’ le file Éireannach Stephen James Smith ar eolaíocht agus athrú aeráide le haghaidh Sheachtain na hEolaíochta 2019.
- » [Bhí Seachtain na hEolaíochta](#) ar siúl ón 10 go dtí an 17 Samhain le fócas ar athrú aeráide. De bharr comhpháirtíochta le Coillte cuireadh 30,000 crann ar fud na tíre.
- » D’óstáil an Taoiseach Leo Varadkar TD, i gcomhar le FEÉ, cruinniú comhchéime de chuid Sheachtain na hEolaíochta le heolaithe agus saineolaithe ag déanamh taighde ar réimsí a bhfuil tionchar ag dúshlán a bhaineann le hathrú aeráide orthu, chun iniúchadh a dhéanamh ar shlite nua le hastaíochtaí a laghdú agus dul i dtaithe ar athrú aeráide.

## Nollaig

- » [Sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, in éineacht le Met Éireann](#), Gluais Tíreolaíochta agus Timpeallachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann – tionscadal atá maoinithe faoi Glaoch Chlár Fionn FEÉ.
- » Lainseáladh feachtas [Thodhchaíochtaí Cliste FEÉ](#) atá tacaíthe ag an rialtas ar fud na tíre chun éagsúlacht gairmeacha STEM a léiriú do mhic léinn in Éirinn. Is féidir leat féachaint ar an bhfíseán [anseo](#).



Sa phictiúr tá an file Stephen James Smith ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta FEÉ 2019.



Sa phictiúr tá an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton TD, in éineacht leis an Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí, FEÉ agus daltaí ó Scoil Náisiúnta Labhráis, Baile Dúill, tógadh an grianghraf i nGairdíní Poiblí Bhaile Dúill.



# Eolaíocht den Scoth

Le roinnt blianta anuas, d'athraigh FEÉ maoiniú an taighde eolaíochta ó bhonn ar bhonn iomaíoch in Éirinn. Maoiníonn FEÉ taighde agus nuálaíocht den scoth, ag forbairt acmhainn agus tallann taighde, ag tacú le comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tríd an taighde a mhaoinímid, táimid ag obair chun tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Rangú na 15 tír is airde in 2019 de réir Scothfhoilseacháin (Táscairí Riachtanacha Eolaíochta InCites)

Tír-Críoch	Rangú
AN ÍOSLAINN	1
AN EILVÉIS	2
ALBAIN	3
AN ÍSILTÍR	4
SINGEAPÓR	5
AN DANMHAIRG	6
AN BHREATAIN BHEAG	7
AN EASTÓIN	8
AN BHEILG	9
SASANA	10
AN TSUALAINN	11
ÉIRE	12
SAM	13
TUAISCEART ÉIREANN	14
AN OSTAIR	15

Ranguithe Sainréimse de réir Scothfhoilseacháin

Tá Éire sa<sup>4</sup>:

**1ú áit** Imdhíoneolaíocht

**2ú háit** Eolaíochtaí Talmhaíochta

**5ú háit** Eolaíochtaí na nÁbhar

**5ú háit** Néareolaíocht agus Iompraíocht

**9ú háit** Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Géinitic

**9ú háit** Micribhitheolaíocht

**14ú háit** Bitheolaíocht agus Bithcheimic

**17ú háit** Ceimic

**24ú áit** Fisic

**28ú áit** Eolaíochta Ríomhaireachta

<sup>4</sup>Déantar staidrimh rangaithe

Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhailiú trí InCites le Clarivate Analytics

## Foilseacháin agus Sleachta

Leanann taighdeoirí atá tacaíte ag FEÉ ar aghaidh ag léiriú na sáreolaíochta atá siad a sholáthar le héifeacht, le líon suntasach foilseacháin agus sleachta eolaíochta.



Thuairiscigh taighdeoirí FEÉ

# 4,936

foilseachán in 2019

Tá 2.69 níos mó seans ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda (bunaithe ar fhoilseacháin sa 1% de na foilseacháin is minice a luaitear, ar bhonn domhanda). Is é 1.72 meán náisiúnta na hÉireann.

Tír	Maoinitheoir	# Doiciméid i nGréasán na hEolaíochta	Doiciméid sa Chéad 1%
<b>Éire</b>	<b>Uile</b>	<b>199,485</b>	<b>1.72</b>
Éire	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	19,965	2.69
SAM	Uile	10,447,502	1.79
SAM	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	621,562	2.89
SAM	Institiúid Náisiúnta Sláinte	928,094	2.84
An Eilvéis	Uile	622,371	2.62
An Danmhairg	Uile	347,909	2.44
Singeapór	Uile	259,256	2.28
An Ríocht Aontaithe	Uile	2,923,058	1.85
An Fhionlainn	Uile	267,927	1.79
An Nua-Shéalainn	Uile	193,064	1.82
Iosrael	Uile	313,277	1.66
An tSín	Uile	4,587,043	1.13
AE	Uile	12,220,233	1.25
AE	An Chomhairle Eorpach um Thaighde	85,960	4.57

Foinse: InCites le Clarivate Analytics



Sa phictiúr tá Taighdeoir na Bliana FEÉ agus Stiúrthóir Ionad Taighde Bithghilleagair BiOrbic FEÉ i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an tOllamh Kevin O'Connor, in éineacht leis an Ollamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann.

## Gradam Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2019

Ainmníodh an tOllamh Kevin O'Connor, Stiúrthóir Ionad Taighde Bithghilleagair BiOrbic FEÉ, a d'óstáil Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar Thaighdeoir na Bliana FEÉ 2019. Aithníonn an duais ghradamach seo buanna taighdeoir atá maoinithe ag FEÉ a rinne cion suntasach ar son phobal taighde na hÉireann agus a bhain torthaí taighde eolaíochta agus innealtóireachta den scoth amach. Tá taighde an Ollaimh O'Connor dírithe ar [bithghilleagar ciorclach](#) na hÉireann a fhás agus a fhorbairt. Tá sé ag múnlú Straitéis Bithghilleagair na hEorpa trína chathaoirleacht ar an gCoiste Eolaíochta um Chomhfhiontar Tionscal Bithbhunaithe, Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach dar luach €3.7 billiún.



#HighlyCited2019

## Líonra Eolaíochta: Na taighdeoirí is minice a luaitear in 2019

[Bhí 29 taighdeoir ar fad atá lonnaithe in Éirinn](#) páirteach i liosta domhanda na dTaighdeoirí is minice a luaitear in 2019 a d'fhoilsigh Clarivate Analytics, a shainiathnionn taighdeoirí den chéad scoth dá sárfeidhmíocht taighde, arna léiriú ag táirgeadh líon ard páipéir a luaitear iad go minic. Is taighdeoirí iad **27 acu seo atá, nó a bhí, maoinithe ag FEÉ. Baineann naonúr acu seo le hIonad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland.** De réir an liosta seo tá na taighdeoirí seo ag an leibhéal is airde ó thaobh tionchair agus éifeachta de agus tá 23 buaiteoir dhuais Nobel ina measc.



An tOllamh Valeria Nicolosi, an Príomh-Imscrúdaitheoir in Amber, an tIonad Taighde FEÉ um Ard-Ábhair agus BithInnealtóireacht, Coláiste na Tríonóide.

## Spotsolas ar Bharr Feabhais

In 2019, bhí Ollamh Nana-ábhar agus Ard-mhicreascópachta i Scoil Cheimice Choláiste na Tríonóide, Valeria Nicolosi, ina dámhachtaí deontais sé huaire - an t-aon duine dá leithéid in Éirinn - **ar Chomhairle Taighde na hEorpa**. An tOllamh Nicolosi, an Príomh-Imscrúdaitheoir in Amber freisin, an tIonad Taighde FEÉ um Ard-Ábhair agus BithInnealtóireacht, agus in I-Form, Ionad Taighde FEÉ Ard-Dhéantúsaíochta.

Bronnadh a ceathrú deontas Cruthúnais Choincheapa de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa le deireanas, gabhann sé seo lena deontas Daingnitheora de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa ó 2016, agus deontas tosaithe Chomhairle Taighde na hEorpa in 2011, rud a thugann an maoiniú iomlán taighde a bronnadh uirthi le 10 mbliana anuas go dtí breis agus €20 milliún. Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Ollamh Nicolosi ar na feidhmeanna tráchtála a bhaineann lena taighde maidir le déantúsaíocht feistí stórais fuinnimh ardfheidhmíochta saora 3D, atá oiriúnaithe ó thaobh na nanaitheicneolaíochta de, do réimse na teicneolaíochta inchaite.

Ar feadh 2019, bhí lear mór fionnachtana ag an Ollamh Nicolosi agus a foireann ar ábhair chadhna, a foilsíodh in Nature Communications, lena n-áirítear fionnachtain i nana-ábhair fhíorthanaí a mhéadaíonn toilleadh stórais faoi thrí. D'éascaigh obair an Ollaimh Nicolosi comhoibríthe taighde le I-Form, Ionad Taighde FEÉ um Ard-Dhéantúsaíocht, i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus eagraíochtaí amhail Nokia Bell Labs, agus tá sí chun aghaidh a thabhairt ar cheist an tsoláthair fuinnimh don chéad ghlúin eile maidir le feistí cliste inchaite, ar a dtugtar ríomhábhar inchaite agus ríomhtheicstílí freisin.



# Tallann agus Scileanna

Tá FEÉ ag cruthú eolais agus ag cur eolais chun cinn in Éirinn trí infheistiú i dtallann den chéad scoth, ag cabhrú le hÉirinn le bheith ina ceannaire nuálaíochta, le bheith níos acmhainní i dtaobh aon chur isteach ar an ngeilleagar agus an tsochaí amach anseo, agus sochair shochaíocha a sholáthar do chách.

Trínár gcláir ghairm-mhaoinithe, cinntíonn FEÉ go dtugtar tacaíocht do shárthaighdeoirí luathghairme agus iad ag teacht tríd an gcóras taighde, ag cruthú timpeallacht éagsúil agus uilechuimsitheach chun go dtiocfadh bláth faoi thallann agus chun leanúnachas gairmeacha STEM agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann a dhéanamh seasmhach i leith na todhcháí.



**5,272**

duine ag obair ar thionscadal a dtacaíonn FEÉ leo



**1,834**

mac léinn (PhD agus Máistreachta) a dtacaíonn FEÉ leo




**28%**

Chuaigh 28% de mhic léinn PhD agus Máistreachta a d'imigh ó fhoirne FEÉ ar aghaidh chuig tionscal mar a gcéad cheann cúrsa



**514**

Duine a bhfuil Dámhachtain FEÉ acu



**341**

Imscrúdaitheoirí Maoinithe



**130**

Comh-Phríomh-Imscrúdaitheoir

# Spotsolas ar an gClár um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ



Sa phictiúr tá Stiúrthóirí Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde i Meaisínfhoghlaim in éineacht leis an Ollamh Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD agus an tAire le freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD.

Sheol FEÉ an Clár um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ chun an earnáil ard-oideachais agus tionscal a thabhairt le chéile le cláir nuálacha taighde agus oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar do mhic léinn iarchéime in Éirinn, faoin téama 'Scileanna Sonraí agus TFC don Todhchaí'. Tá sé d'aidhm ag an gclár chun líon na mac léinn PhD a mhéadú chun na riachtanais scileanna sonraí de chuid tionscail a chomhlíonadh agus chun tallann taighde luathghairme a thacú agus chothú.

Soláthróidh na sé Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde, ar léiríú iad d'infheistíocht €104 milliún, oiliúint do bhreis agus 700 mac léinn iarchéime sna réimsí comhleasmhara de Mheaisínfhoghlaim, Réaltacht Dhigitfheabhsaithe, Bunúis Eolaíochta Sonraí, Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta, Intleacht Shaorga agus Ard-Líonraí do Shochaithe Inbhuanaithe.

Is iad seo a leanas na sé Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde:

## 127

Thosaigh 127 mac léinn a gcuid PhD in 2019

## 46%

Ba mhná iad 46% de na mic léinn seo

## 40

Bunaíodh 40 comhoibriú in 2019

## 31

Ba chomhoibriú neamhacadúla 31 acu sin

- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde i Meaisínfhoghlaim**  
An Dr Brian McNamee (COBÁC), an Dr Georgiana Iffrim (COBÁC), an tOllamh Sarah Jane Delany (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath), an tOllamh Noel O'Connor (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath).
- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde i Réaltacht Dhigitfheabhsaithe**  
An tOllamh Carol O'Sullivan (Coláiste na Tríonóide), an tOllamh John Kelleher (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath), an tOllamh Alan Smeaton (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), an tOllamh Peter Corcoran (OÉ Gaillimh), an tOllamh Julie Berndsen (COBÁC).
- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde in Ard-Líonraí do Shochaithe Inbhuanaithe**  
An tOllamh Dirk Pesch (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an tOllamh John Barrett (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí), an Dr Deirdre Desmond (Ollscoil Mhaigh Nuad), an tOllamh Siobhán Clarke (Coláiste na Tríonóide), an tOllamh Max Ammann (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath), an tOllamh Cormac Sreenan (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh).
- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde i mBunúis Eolaíochta Sonraí**  
An tOllamh James Gleeson (Ollscoil Luimnigh), an Dr Claire Gormley (COBÁC), an tOllamh Ken Duffy (Ollscoil Mhaigh Nuad).
- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde in Intleacht Shaorga**  
An tOllamh Barry O'Sullivan (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an tOllamh Tiziana Margaria (Ollscoil Luimnigh), an Dr Ivana Dusparic (Coláiste na Tríonóide), an Dr Derek Bridge (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an Dr Suzanne Little (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), an Dr Paul Buitelaar (OÉ Gaillimh).
- » **Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde in Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta**  
An tOllamh Cathal Seoighe (OÉ Gaillimh), an Dr Eva Szegezdi (OÉ Gaillimh), an tOllamh Denis Shields (COBÁC), an tOllamh Gianpiero Cavalleri (Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn), an tOllamh Pavel Baranov (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an tOllamh Aoife McLysaght (Coláiste na Tríonóide).

## Clár Ollúnachta Taighde FEÉ

Ó seoladh é, d'fhéach Clár Ollúnachta Taighde FEÉ le heolaithe agus innealtóirí den chéad scoth a earcú chun an bonn taighde náisiúnta a fhorbairt agus chun cáil na hÉireann a fheabhsú mar ionad chun taighde ardéifeachta, ardhcaighdeáin a dhéanamh.

In 2019, earcaíodh an tOllamh Ortwin Hess ó Imperial College, Londain go hÉirinn, mar Ollamh Cathaoirligh Nana-fhótónaice candamaí i Scoil Fisice Choláiste na Tríonóide. Faoi scéim Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ, is é aidhm a chuid saothair i réimsí na meatábhar agus na fótónaice candamaí, an ionsamhlaithe

chandamaigh, na cumarsáide candamaí, na méadreolaíochta candamaí agus na braitheachta candamaí a mbeidh cumarsáid níos daingne, ollchumhacht ríomhaireachta, braitheacht imdhíonmheasúnachta rí-íogair agus an fhéidearthacht chun airíonna nua bithmhóilíní agus ábhar nuálach a aimsiú mar thoradh air, b'fhéidir.

Tacóidh an deontas €3.85 milliún seo le trí phost déag taighde thar chúig bliana. Fuair an tOllamh Hess Bonn Rumford de chuid an Chumainn Ríoga in 2016, agus chuir sé a ainm liosta buaiteoirí mór le rá na duaise amhail Faraday, Maxwell, Kirchhoff agus Rayleigh.



Ollamh Taighde FEÉ  
Ortwin Hess, Coláiste  
na Tríonóide, Baile Átha  
Cliath.

## FEÉ ag Tacú le Ceannairí Taighde atá ag teacht chun cinn



Sa phictiúr tá dámhachtaithe Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann FEÉ 2018-2019 in Áras an Uachtaráin (c-d): An Dr Sónia Negrá (COBÁC), an Dr Roman Romero-Ortuno (Coláiste na Tríonóide), an Dr Nessa O'Connor (Coláiste na Tríonóide), an Dr David Loane (Coláiste na Tríonóide), an Dr Rory Johnson (COBÁC), An Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí, Uachtarán na hÉireann Michael D. Higgins, an Dr Caitriona Jackman (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath), an Dr Eóin McNamee (Ollscoil Mhaigh Nuad), agus an Dr Joanne Masterson (Ollscoil Mhaigh Nuad).

**Rinneadh sé** cinn de na dámhachtainí trí Chlár Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann FEÉ in 2019, ar léiriú iad ar infheistíocht €3.2 milliún.

Earcaíonn an Clár ceannairí taighde luathghairme den chéad scoth agus atá ag teacht chun cinn a bhfuil éachtaí eolaíochta agus innealtóireachta déanta acu lena dtabhairt ar ais go hÉirinn.

Cabhróidh na dámhachtainí seo le tacú le taighde sláinte i réimsí na ngalar putóige athlastaí, na hailse scamhóg agus le sonraí móra a chur i bhfeidhm chun laige a dhiagnóisiú le cuidiú lenár bpobal atá ag dul in aois. I measc na réimsí eile a dtacaítear leo tá todhchaí tháirgeadh na heorna, úsáidí uisceshaothraithe feamainne ar mhaithe le bithbhreoslaí fuinnimh ghlain agus cóireálacha sláinte poitéinsiúil i gcomhair oisté-airtritis, agus anailísíocht sonraí agus meaisínfhoghlaim in Eolaíocht Spáis.


## FEÉ ag Tacú le Taighdeoirí Iarchéime

Tacaíonn Deontas Taighde Imscrúdaitheoirí Tosaigh FEÉ le forbairt taighdeoirí lardhochtúireachta, agus daoine eile nach bhfuil post taighde neamhspleách acu fós, chun na céimeanna tosaigh a ghlacadh maidir le gairm

taighde go hiomlán neamhspleách. Faigheann taighdeoirí taighde i dtreo post acadúil lánaimseartha ar feadh ceithre bliana, lena n-áirítear stiúradh mac léinn iarchéime atá maoinithe tríd an dámhachtain.

Tacaíodh le 10 ndámhachtain le hinfheistíocht dar luach

**€5.16**  
**milliún**



Féach ar an bhfíseán [anseo](#).



## Comhaltacht Seirbise Poiblí FEÉ

Creideann FEÉ gur féidir le STEM ról a imirt chun cabhrú leis an Rialtas aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shuntasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chun lánleas a bhaint as an mbealach a gcuireann taighde feabhas ar shaol mhuintir na hÉireann. Mar chuid de ghníomhaíocht an Rialtais chun cultúr i dtaobh ceapadh polasaí atá bunaithe ar fhianaise agus nuálaíochta a chur chun cinn san earnáil phoiblí, sheol FEÉ clár píolótach in 2019 chun taighdeoirí a chur i ranna, gníomhaireachtaí, agus údaráis áitiúla rialtais.

Tugann Comhaltacht Seirbise Poiblí FEÉ deis ar leith do thaighdeoirí chun tacú leo ar bhonn sealadach bheith mar ‘Thaighdeoir Cónaithe FEÉ’ i Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais, chun obair ar shaintionscadal, mar ar féidir leo a saineolas a aistriú chun difríocht cheart a dhéanamh don tsochaí agus don gheilleagar.

## FEÉ ag Tacú le Taighde Ard-riosca agus Ard-luaíochta

In 2019, sheol FEÉ clár maoinithe nua dar teideal ‘Teorainneacha FEÉ don Todhchaí’ chun tacú le himscrúdaitheoirí neamhspleácha chun taighde comhoibríoch, fíor-nuálach a dhéanamh, agus an poitéinseal ann chun tionchar a imirt. Soláthraíonn an clár seo deiseanna do thaighde ard-riosca, ard-luaíochta agus reáchtáiltear é i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit eile lena n-áirítear Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tacaíonn an Clár le céimeanna gairme taighde difriúla agus tá an-éileamh air ó seoladh é, fuarthas breis agus 500 iarratas, 25% díobh seo ó iarratasóirí nua.

## Ag Tabhairt Aghaidh ar Éagsúlacht agus Éagothroime Inscne in STEM

Leanann FEÉ ar aghaidh ag tógáil ar a hobair shuntasach chun cothroime inscne, éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú ar fud na bhfoirne taighde a dtacaíonn sí leo. Tacaíonn FEÉ le tionscnamh Athena SWAN, a dtacaíonn Comhlachtaí Taighde leis. Tugtar faisnéis do shaineolaithe ábhair ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a ghlacann páirt i measúnuithe cianda nó painéil do FEÉ.

- » In 2019, ba mhná iad 28% de shealbhóirí dhámhachtainí FEÉ (suas 2 faoin gcéad ar 2018). Is é sprioc FEÉ 30%
- » Ba mhná iad 38% de chomhaltaí foirne, méadú 1 faoin gcéad ar 2018.
- » Cuimsítear le Clár Theorainneacha FEÉ don Todhchaí raon tionscnaimh inscne chun líon na mban a dhéanann iarratas ar agus a fhaigheann maoiniú a mhéadú. Rinne 15% breise taighdeoirí ar mhná iad iarratas, i gcomórtas le cláir chosúla roimhe seo.
- » Tá FEÉ tiomanta do thacú le mná ag gach céim dá ngairm taighde, an chéim luathghairme san áireamh. In 2019, seoladh saoire mháithreachais agus uchtála íoctha do mhic léinn iarchéime atá maoinithe ar dhámhachtainí FEÉ. Féach thuilleadh [anseo](#).



## €5 mhilliún

Infheistíodh €5 mhilliú i 47 tionscadal STEM trí Ghairm bhliantúil Chlár Fionn FEÉ

## 620

Fuair 620 bunscóil Dámhachtain Fionn Eolaíocht agus Matamaitic na Bunscóile de chuid FEÉ in 2019

## 3,492

Cuireadh oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí ar 3,492 múinteoir ó 299 bunscóil trí chlár DPSM/ na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spástaistil arna thacú ag FEÉ.

## Oideachais agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Cuireann FEÉ an chuid is fearr d'eolaíocht na hÉireann os comhair an phobail, ionas go dtuigtear a luach don gheilleagar agus don tsochaí. Cuirimid romhainn litearthacht agus muinín eolaíochta a mhéadú i measc phobal na hÉireann, ionas go mbeidh siad eolach, gur féidir leo machnamh ar agus gur féidir ionchur bheith acu sna dúshláin shochoaíocha atá romhainn ar fad. Maoinímid sárthionscadcail oideachais agus rannpháirtíochta poiblí a théann chun leasa don tsochaí agus a chabhraíonn le leanúnachas tallainne éagsúla STEM a chinntiú.

## Tháinig méadú 26% ar oideachas agus rannpháirtíocht poiblí taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Tuairiscíodh 2,299 gníomhaíocht in 2019

## Seachtain na hEolaíochta agus Athrú Aeráide

Ba é téama Sheachtain na hEolaíochta, 2019 Athrú Aeráide, ag féachaint le cabhrú le daoine a chur ar an eolas faoin eolaíocht agus chun réitigh a fhorbairt do thodhchaí dhearfach aeráide.

- » **13** fhéile réigiúnacha arna maoiniú ag FEÉ.
- » Chuathas chomh fada le **555,000+** duine trí 1,400 imeacht ar fud na tíre.
- » Mhaoinigh FEÉ **213** seó bóthair agus ceardlann go díreach.

## Tionscnaimh Cur Crann

Bhí FEÉ ina chomhpháirtí le Coillte chun **30,000** crann a chur ar fud na tíre. Chuir **65** eagraíocht, scoil agus grúpa pobail crainn ar fud **22** contae.



(C-d) Rosemary Collier, Stiúrthóir Ionad Réadmhaoine Stairiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí; Cormac Downey, Oifigeach Crannadóireachta, Oifig na nOibreacha Poiblí; Deborah Meghan, Stiúrthóir Maoirseachta Coillte; Helen McEntee, TD, Aire Gnóthaí Eorpacha, agus an Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ardstiúrthóir, FEÉ sa Seandroichead.




## 1.9 milliún

Chuaigh ábhar teilifíse ar Chomhthionscnamh léirithe de chuid FEÉ - RTÉ é amhail Big Week on the Farm agus What Planet Are You On? chomh fada le 1.9 milliún duine.

## What Planet Are You On?

Comhthionscnamh a léirigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann - RTÉ, What Planet Are You On?, a craoladh le linn Sheachtain na hEolaíochta.

Thuairiscigh 74% de dhaoine fásta in Éirinn<sup>5</sup> go raibh tuiscint ní b'fhearr acu ar Athrú Aeráide, i ndiaidh chláir Sheachtain na hEolaíochta de chuid SFI-RTÉ.



Nina Kanti, Forbróir Blocshlabhra le Deloitte Digital.

## Seo é STEM

Lainseáil clár maidir le Feasacht Gairmeacha STEM de chuid 'Smart Futures' FEÉ #ThisIsSTEM a fheachtas ar fud na tíre, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun raon leathan eiseamláirí agus slite beatha a chur chun cinn in STEM.

Craoladh fógrán pictiúrlainne ar fud na tíre do 907,000 duine. Chuaigh feachtas meán sóisialta chomh fada le 783,893 duine ar an meán in Éirinn in aghaidh na míosa.

<sup>5</sup> Staidéar Sheachtain na hEolaíochta agus Rannpháirtíochta Athraithe Aeráide de chuid FEÉ, Nollaig 2019, via iReach Insights Teo.



Ionadaithe Comhpháirtíochta ag ócáid lainseála 'Corca Dhuibhne 2030', in éineacht le MaREI, Lárionad Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Dhaingean Uí Chúis, Líonraí BSL agus Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar.

# Spotsolas ar Chorca Dhuibhne 2030

Tá MaREI, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide a d'óstáil Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, i gcomhar le Líonraí BSL agus comhpháirtithe áitiúla ar thionscadal Chorca Dhuibhne 2030, ag obair leis an bpobal chun dul i dtreo sochaí ísealcharbóin agus todhchaí níos inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta agus an gheilleagair a chruthú i gCorca Dhuibhne.

Shainnadh Líonraí BSL Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí in 2018 mar bhaile taispeántais, chun tástáil a dhéanamh ar conas a oibreoidh líonra leictreachais cliste na todhchaí. Feistíodh roinnt tithe le painéil ghréine, pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, stóras cadhnra agus teicneolaíochtaí eile agus tá na háititheoirí ina n-ionadaithe ina bpobail.

Ar feadh 2019, bhí go leor gníomhaíochtaí rannpháirtíochta amhail agallaimh le hionadaithe, ceardlanna, malartuithe bolgán dé-óide astaithe solais agus imeachtaí for-rochtana ar siúl. Bhailigh ceardlanna pobail aiseolas ón bpobal i dtaca leis na dúshlán shóisialta, gheilleagracha agus timpeallachta atá rompu. Cuireadh sonraí daonáirimh ar na táscairí sóisialta agus geilleagracha i dtaca le beocht phobail i láthair, mar aon le sonraí ar ídiú fuinnimh na dteaghlach agus intreoir maidir le hoiriúnú agus maolú aeráide. D'fhorbair MaREI máistirphlean fuinnimh freisin don phobal.

Tá an tionscadal ag forbairt acmhainne i measc an phobail agus páirtithe leasmhara, chun go mbeidh tuiscint níos fearr ar mhodhanna rannpháirtíochta pobail agus a n-éifeachtúlacht. Tá tionchar ag an bhfoghlaim agus na torthaí ar threo an tionscadail, ag cur le clár taighde MaREI agus leis an gclár rannpháirtíochta poiblí agus oideachais araon.



# Lorg Domhanda

## Comhoibrithe Idirnáisiúnta

Tá roinnt comhaontuithe phríomhghníomhaireachta ag FEÉ le gníomhaireachtaí maoinithe idirnáisiúnta eile, arb é a sprioc comhoibriú taighde a thacú, a fhás agus a threisiú idir taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn agus taighdeoirí idirnáisiúnta.

- » Tá rochtain dhomhanda fhairsing ag comhoibriú idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: An Eoraip (65%), Meiriceá Thuaidh (19%), an Áise (10%), an Astráil agus an Aigéine (3%), Meiriceá Thuaidh (2%) agus an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh, agus an Araib Mhór (1%).
- » 4,079 comhoibriú (suas ó 3,797) acadúil-acadúil tuairiscithe ag taighdeoirí FEÉ, le breis agus 2,894 (71%) díobh sin le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
- » Bhí 47% den chomhoibriú neamhadúil le comhpháirtithe lasmuigh d'Éirinn – 14% díobh leis na Stáit Aontaithe, 9% díobh leis an Ríocht Aontaithe agus 24% díobh le tíortha eile.
- » D'eagraigh sealbhóirí dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 607 comhdháil, ceardlann agus seimineár náisiúnta agus 285 comhdháil, ceardlann agus seimineár idirnáisiúnta in 2019. **Is fiú €11.3 milliún** do gheilleagar na hÉireann Ionaid agus Cláir Ceardlann FEÉ.

### 71%



Ba le comhpháirtithe idirnáisiúnta 71% den chomhoibriú acadúil

### €11.3 milliún




B'fhiú €11.3 milliún do gheilleagar na hÉireann Ionaid agus Cláir Ceardlann FEÉ

### 47%



Is comhoibriú acadúil idirnáisiúnta é 47% den chomhoibriú iomlán

## Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta 2019



## Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta 2019 de réir na Tíre

An Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann)	530	An Ungáir	15	An Ailgéir	2
Stáit Aontaithe	468	Cónaidhm na Rúise	15	An Cholóim	2
An Ghearmáin	246	An Tuirc	12	Málta	2
An Fhrainc	167	Iosrael	11	An Phacastáin	2
An Iodáil	156	Poblacht na Seice	10	Srí Lanca	2
An Spáinn	150	An Afraic Theas	9	An Téalainn	2
Tuaisceart Éireann	116	An Airgintín	8	An Airméin	1
An tSín	112	An tSile	8	An Bhanglaidéis	1
An Ísiltír	111	Lucsamburg	8	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	1
Ceanada	76	An tSlóvaic	8	An Bhulgáir	1
An tSualainn	67	An Rómáin	7	Buircíne Fasó	1
An Astráil	66	An Chóiré Theas (Poblacht na Cóiré Theas)	6	An Chróit	1
An Danmhairg	60	Catar	6	An Éigipt	1
An Bheilg	52	Poblacht Ioslamach na hIaráine	5	An Íoslainn	1
An Eilvéis	52	An Chasacstáin	5	Cuáit	1
An Bhrasáil	36	An Liobáin	5	Oileán Mhuirís	1
An Ostair	29	An Eastóin	4	An Mhongóil	1
An Fhionlainn	29	Macao	4	Maracó	1
An Pholainn	28	An tSlóivéin	4	Óman	1
An India	26	An Téaváin, Cúige de chuid na Síne	4	An Túinéis	1
An Phortaingéil	23	An Chipir	3	An Úcráin	1
An tSeapáin	22	Hong Cong	3	Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	1
An Nua-Shéalainn	20	An Laitvia	3	Vítneam	1
An Iorua	18	Meicsiceo	3	<b>Iomlán</b>	<b>2,894</b>
An Ghréig	17	An Araib Shádach	3		
Singepór	16	An tSeirbia	3		





Sa phictiúr tá an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann leis an Ollamh Eamonn Quigley, Ceann Gaistrentreolaíochta agus Heipiteolaíochta in Ospidéal Meitidisteach Houston agus Coláiste Leighis Weill Cornell, agus an tUasal Michael Mahoney, Príomhfheidhmeannach Boston Scientific.

## Clár SAM-Éire de chuid FEÉ

Tionscnamh uathúil is ea an Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha idir SAM agus Éire lena bhfuil gníomhaireachtaí maoiniúcháin ar fud trí dhlínse bainteach: Stáit Aontaithe Mheiriceá, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. In 2019, rinneadh cúig dhámhachtain le hinfheistíocht dar luach €2.6 milliún. In 2019, d'aontaigh na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta go gcuirfidís leis na réimsí téamacha i dtaobh na comhpháirtíochta chun Cibearshlándáil a chuimsiú.

Is iad na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i bPoblacht na hÉireann, an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. D'éascaigh Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta, Institiúidí Náisiúnta Sláinte SMA agus an Institiúid Náisiúnta Bia agus Talmhaíochta, laistigh de Roinn Talmhaíochta SMA in SMA é. I dTuaisceart Éireann, is comhpháirtithe iad Forbairt agus Taighde na Rannóige Sláinte & Cúraim Shláinte, agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe.

## Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ

In 2019, bhronn an Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton TD, Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ gradamach ar an Ollamh Eamonn Quigley, Ceann Gaistrentreolaíochta agus Heipiteolaíochta in Ospidéal Meitidisteach Houston agus Coláiste Leighis Weill Cornell; agus ar an Uasal Michael Mahoney, Príomhfheidhmeannach agus Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Boston Scientific, dá n-obair shuntasach ar son an tsaoil acadúil, an taighde agus an tionscail. Aithnítear leis an mbonn eolaithe, innealtóirí nó ceannairí teicneolaíochta oirirce Éireannacha atá ina gcónaí agus ag obair i SAM.

## Comhpháirtíochtaí leis an Ríocht Aontaithe agus BREXIT

In 2019, lean FEÉ ar aghaidh le comhoibriú déthaobhach taighde a threisiú leis an Ríocht Aontaithe, ag léiriú an chomhchuspóra idir na comhlachtaí taighde sa dá thír chun soghluaisteach taighde a nuáil, a fhás agus a chothú i dteannta a chéile.

Éascaíonn roinnt chlár FEÉ comhpháirtíocht leis an Ríocht Aontaithe amhail comhinfheistíocht RA-Éire leis an gComhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí Fisiceacha, faoi Chlár Oiliúna Dochtúireachta na nIonad, mar aon le hIonaid Taighde FEÉ agus dámhachtainí Spokes FEÉ, Ionaid Taighde FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde, Dámhachtainí Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ agus Dámhachtainí Comhaltachta Tionscail FEÉ. Tacaíonn cinn eile, amhail an Clár Ollúnacht Taighde FEÉ le comhcheapacháin.

Ceithre dhámhachtain a bronnadh trí Chomhaltacht Taighde Ollscoile Chumann Ríoga -FEÉ. **Infheistíodh €2.8 milliún**, tacaíodh le hocht bpost taighde.

€39  
milliún

Infheistíodh €39 milliún i seacht Ionad nua comhpháirtíochta le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta, idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe

€2.8  
milliún

Rinne Comhaltacht Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ infheistíocht €2.8 milliún

## Clár Taighde Cómhainithe EPSRC-FEÉ

In 2019, bronnadh na chéad cheithre dhámhachtain i réimsí na [teileachumarsáide](#), na matamaitice, na diagnósice agus an mhaighnéadais faoin gclár comhpháirtíochta nua um Chómhainiú Taighde de chuid EPSRC-SF, le hinfheistíocht de €1.7 milliún.

Infheistíodh **€39 milliún** chun tacú le rannpháirtíocht Ionaid Taighde FEÉ i seacht nIonad comhpháirtíochta nua **le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta**, idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe chun mic léinn dochtúireachta lonnaithe in institiúidí Éireannacha a chumasú chun leas a bhaint as deiseanna oiliúna agus comhoibriú le hInstitiúidí Ard-Oideachais sa Ríocht Aontaithe. Soláthraíonn na dámhachtainí seo deis do thaighdeoirí luathghairme den scoth chun gairmeacha taighde neamhspleacha a fhorbairt.

- » Ionad um **Chomhtháthú Fótónaice na hÉireann (IPIC)** i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Ghlaschú: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC i gComhtháthú Fótónach agus Stóráil Ard-Sonraí (€6.2 milliún).
- » **I-Form, Ionad Taighde FEÉ um Ard-Dhéantúsaíocht** i gcomhar le hOllscoil Sheffield agus Ollscoil Manchester: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC i gCórais Ard-Mhiotalacha: Dúshlán Mhiotalóireachta don Timpeallacht Déantúsaíochta Digtí (€5.3 milliún).
- » **CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis** le hOllscoil Ghlaschú, Ollscoil Aston agus Ollscoil Birmingham: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC le haghaidh i bhFíocháin a ndearnadh Innealtóireacht orthu le haghaidh Fionnachtana, Tionscail agus Leighis (€6.3 milliún).
- » **SSPC, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Cógaisíochta i gcomhar** le hOllscoil Nottingham agus University College, Londain: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC i dTeicneolaíochtaí Bunathraitheacha Cógaisíochta (€3.9 milliún).
- » **MaREI, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide** i gcomhair le University College Londan agus Ollscoil Loughborough: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC i Seasmhacht Fuinnimh agus an Timpeallacht Thógtha (€4.9 milliún).
- » **AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ard-Ábhar agus Taighde BithInnealtóireachta** i gcomhar le Imperial College, Londain agus University College, Londain: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC in Ard-Thréithriú Ábhar (€6.2 milliún).
- » **BiOrbic, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh an Bhithghilleagair** i gcomhar le hOllscoil Nottingham: Ionad le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta EPSRC: Adaimh-go-Táirgí Cur chuige Cuimsithe i leith Ceimic Inbhuanaithe (€5.8 milliún).

# Spotsolas ar Mhisean Trádála Taighde FEÉ SMA



Sa phictiúr tá an Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta in éineacht le Jacinta Tobin, Príomhoifigeach Fáis in Arceo, an tOllamh Vincent Wade, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ ADAPT, an tOllamh Brian Fitzgerald, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ LERO, agus Lofred Madzou, Ceannaire Tionscadail Intleachta Saorga san Fhóram Eacnamaíoch Domhanda.


Chomhordaigh FEÉ an chéad mhisean taighde idirnáisiúnta de chuid na hÉireann ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Nollaig 2019. Bhí sé Ionad Taighde FEÉ ((ADAPT, Insight, Lero, Confirm, CONNECT agus VistaMilk) i gceist leis an misean, a bhí faoi stiúir na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Ard-Stiúrthóra an Dr Orlaigh Quinn, agus bhí sé mar sprioc aige comhoibriú eolaíochta a threisiú agus a chur chun cinn idir Éirinn agus Ceantar Bhá San Francisco.

Chuir Ionaid Taighde FEÉ láidreachtaí taighde, acmhainní ionaid tástála agus leanúnachas tallainne na hÉireann i láthair sárchuideachtaí agus sár-institiúidí teicneolaíochtaí, i réimsí amhail intleacht shaorga, meaisínfhoghlaim, néalríomhaireacht, rialachas sonraí, Idirlíon na nEarraí tionsclaíocha agus eolaíocht sonraí.

Tugadh cuairt ar Salesforce, Cisco, LinkedIn, Facebook, Autodesk, Accenture agus VMware agus bhí cainteanna ann faoi chomhoibriú acadúil agus neamhacadúil. Agus comhpháirtíocht ann leis an gcomhlacht domhanda caipitil fiontar, SOSV, bhí imeacht ar siúl ina raibh plé painéil saineolaithe ar “Intleacht Shaorga mar Chumasóir Teicneolaíochtaí Ceanrrodaíocha”, lena linn roinneadh peirspictíochtaí SMA agus na hÉireann ar intleacht shaorga eiticíúil agus intleacht shaorga iontaofa, rialachas saorga agus an cleachtas is fearr maidir le straitéisí intleachta saorga a fhorbairt.

Cuireadh léargas SMA agus na hÉireann ar thaighde teicneolaíochta talmhaíochta/agraibhia agus treochtaí sa todhchaí i láthair le linn ceardlanna le SVG Ventures agus Ollscoil Santa Clara. Dhírigh na topaicí ar chórais uathoibríocha, beacht-talmhaíocht, Idirlíon na nEarraí, teicneolaíocht braiteoirí agus an bithgheilleagar. Tugadh cuairt freisin ar institiúidí Ollscoil Stanford a dhéanann speisialtóireacht ar smaointeoireacht deartha, eolaíocht sonraí, intleacht shaorga agus cibearshlándáil, lena linn pléadh comhoibriú straitéiseach poitéinsiúil agus deiseanna do mhalartú mac léinn agus taighdeoirí.





# FEÉ ag Cur Iomaíochais Chun Cinn

Is é FEÉ an maoinitheoir iomaíochais is mó de chuid Rialtas na hÉireann i dtaca le taighde eolaíochta in Éirinn. Tacaímid le taighde den scoth atá mar bhonn le forbairt gheilleagrach agus a chuidíonn le tionsclaíocht idirnáisiúnta agus dhúchasach le fás agus teacht faoi bhláth in Éirinn.

I bhfianaise athrú mear agus suntasach ar chúrsaí geilleagair, sóisialta agus polaitíochta, iomaíochas idirnáisiúnta agus éiginnteacht, is gné fhíorthábhachtach iad cláir FEÉ den spreagadh chun iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a neartú agus chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh ar fud réigiúin na hÉireann, agus i dtacú le FBManna dúchasacha ardfháis.

## Comhoibriú Neamhacadúil




## Eolaíocht agus Tráchtálú

D'éirigh le taighdeoirí a fuair maoiniú ó FEÉ an méid seo a chur i gcrích:

- » 15 mhac-chuideachta
- » 103 punann dáfa
- » 84 teicneolaíocht ceadúnaithe
- » 239 nochtadh aireagán



# Spotsolas ar Mhaoiniú Dúshláin



Foireann Hydrobloc in OÉ Gaillimh (C-d) An Dr Leo Quinlan, an Dr Alison Liddy, an Dr Conor Judge, an Dr Martin O'Halloran agus an Dr Barry McDermott.

Is cuid de phlean foriomlán rialtais í Duais Nuálaí Amach Anseo FEÉ chun maoiniú dúshlánbhunaithe a chothú in Éirinn. Is cur chuige réiteach-fhócasaithe é maoiniú dúshlánbhunaithe maidir le taighde a mhaoiniú a úsáideann duaiseanna agus dreasachtaí eile i leith gníomhaíochtaí nuálaíochta díri i gcás sainfhadhbanna. Tá an clár deartha le hairgeadh réiteach bunathraitheach a éascú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shoचाiocha chriticiúla thar thréimhse 12 mhí, ina dtéann foirne ildisciplíneacha i mbun iomaíochta don duais deiridh.

Is é an chéad bhuaiteoir de Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ ná Hydrobloc, faoi stiúir an Dr Alison Liddy agus an fhoireann ildisciplíneach in OÉ Gaillimh. Bronnadh €1 milliún orthu chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na péine néarapataí ainsealaí, a bhfuil tionchar mór aige ar an tsochaí le 300,000 cás in Éirinn amháin, mar thoradh ar ghalair amhail scléaróis iolrach, ailse agus airtríteas.

Féach ar an bhfíseán [anseo](#).

Is réiteach nanaghlóthaí nua é Hydrobloc le haghaidh pian néarapatach ainsealach, a thugann faoiseamh fadtéarmach ó phian, tá sé saor ó dhruaga agus níl aon fho-iarmhairtí ag dul leis agus a bhaineann le cógais oidis. Ag teacht le fealsúnacht an Chláir maidir le tionchar ar an tsochaí, bhí glór an othair fíorthábhachtach ó thús deireadh an tionscadail.

In éineacht le fógairt bhuaiteoir na Príomhdhuaise, bronnadh duais speisialta de €500,000 freisin ar an Ollamh Dominic Zerulla agus a fhoireann in PEARlabs, COBÁC, mar aitheantas ar thionchar poitéinsiúil a dtionscadail chun teicneolaíocht íomháithe bitheolaíochta nanascála nua a fhorbairt.

Féach ar an bhfíseán [anseo](#).

Bhí dhá chomórtas le haghaidh Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ ann in 2019, an 'Dúshlán Intleachta Saorga ar mhaithe le Tairbhe Shoचाioch' agus an 'Dúshlán bheith Neodrach ó thaobh Astaíochtaí'. Tá ceithre cinn de na tionscadail seo á gcómhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.



An tOllamh Cecily Kelleher, Príomhoide Coláiste, Coláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta, an tOllamh Walter Kolch, Stiúrthóir Bheacht-Oinceolaíochta Éire, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann, agus an tOllamh Orla Feely, an Leas-Uachtarán um Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar, COBÁC.



Sa phictiúr (c go d): An tOllamh Paul Ross, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, an Dr Lathrop Stern, Idirghabhálaí i gCothú & Bitheolaíochtaí DuPont; an Dr Martin Kullen, Ceannaire Taighde Dhomhanda & Forbartha i gCothú & Bitheolaíochtaí DuPont, agus an tOllamh Catherine Stanton, Príomhimscrúdaitheoir Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland.

## Comhoibriú Taighde Giarála FEÉ

In Éirinn, déantar diagnóis go bhfuil ailse ar bhreis agus 40,000 gach bliain. In 2019, d'infheistigh Rialtas na hÉireann €5 milliún trí **Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ**, chuir comhpháirtithe carthanachta agus tionscail cómhaoiniú d'infheistíocht €6.9 milliún ar fáil, chun Cuibhreas Beacht-Oinceolaíochta Éireann a bhunú, faoi stiúir taighdeoirí in COBÁC. Cuimsítear leis cúig ollscoil Éireannacha, sé charthanacht taighde ailse Éireannacha agus 10 gcuideachta, iad ar fad ag comhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le cóireálacha ailse a chur in oiriúint d'othair aonair bunaithe ar a n-ailse faoi leith féin.

[Soláthroidh an clár príomhthacaíocht](#) bhonneagair freisin do thaighdeoirí, chun rochtain a chomhordú ar bhithbhainc siada, agus chun rochtain ar theicneolaíochtaí úrscothacha a cheadú.

## Clár Spokes FEÉ

Bronnadh dhá dhámhachtain in 2019 faoi Chlár Spokes FEÉ dar luach iomlán €3.7 milliún. Bhain siad seo le réimsí na bhFeithiclí Uathrialach Cumaisc (LERO) agus le sláinte naíonán (APC-DuPont).

## Comhaltacht Tionscail FEÉ

Soláthraíonn Clár Comhaltachta Tionscail FEÉ rochtain ar thaighdeoirí nuálacha agus teicneolaíocht cheannródaíoch do chomhpháirtithe tionscail trí chomhthaighde le hinstitiúidí acadúla na hÉireann, ag spreagadh barr feabhais trí mhalartú eolais agus oiliúint innealtóirí agus eolaithe.

In 2019, bronnadh 71 dhámhachtain, agus infheistíodh €4.9 milliún ar fud 15 institiúid. Orthu sin, tá aon institiúid déag lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, agus tá cúig cinn lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Cruthaíodh breis agus 154 comhpháirtíocht tionscail go dtí seo, i réimsí amhail fuinneamh in-athnuaite, déantúsaíocht chliste, róbataic athshlánúcháin, agus feistí leigheas de chuid na chéad ghlúine eile.

Bhailigh suirbhé FEÉ aiseolas le deireanas ó dhámhachtaithe Comhaltachta Tionscail, ó chomhpháirtithe tionscail agus ó oifigí taighde. Fuarthas amach gur mhian le 42% de chomhpháirtithe tionscail comhoibriú reatha a threisiú le comhpháirtí acadúil.



Sa phictiúr tá (c-d) an Dr Jennie Rothwell, Bainisteoir Maoinithe Taighde BiOrbic; an tOllamh Kevin O'Connor, Stiúrthóir BiOrbic agus an Dr Jennifer Brennan, Stiúrthóir Forbartha Taighde & Nuálaíocht, an tÚdarás um Ardoideachas Teicneolaíochta ar fud na hÉireann.

## FEÉ ag Tacú le Forbairt Réigiúnach agus Tuaithe

Agus é ag obair chun poitéinseal tráchtála bhithgheilleagar na tíre a aimsiú agus chun dul i ngleic go réamhghníomhach le hathrú aeráide, shínigh Ionad Taighde FEÉ Bhithgheilleagar BiOrbic comhaontú meabhráin tuisceana leis an Údarás um Ardoideachas Teicneolaíochta, mar chuid de Sheachtain Bhithgheilleagair na hÉireann 2019.

Is é seo an chéad uair a shínigh an tÚdarás um Ardoideachas Teicneolaíochta meabhrán tuisceana le hIonad Taighde FEÉ. Cruthaíonn sé deiseanna do BiOrbic chun comhoibriú le hinstiúidí ardoideachais uile de chuid an Údarás um Ardoideachas Teicneolaíochta ar fud na hÉireann. Cruthaíonn sé meicníochtaí comhoibrithe freisin chun bithgheilleagar na hÉireann a fhorbairt tuilleadh trí chomhpháirtíochtaí i ndeiseanna taighde, forbartha, nuála, oideachais agus oiliúna, le fócas ar leith ar fhorbairt réigiúnach agus méadaíonn sé rochtain ar mhaoiniú Eorpach.

## FEÉ ag Tacú le Pobail na nOileán Beag

Bronnadh €9 milliún ar MaREI, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide a d'óstáil Coláiste na hOllscoile, Corcaigh do thionscadal H2020 MUSICA chun ardán píolótach ilúsáide a fhorbairt a bheidh ina ionad ilfhreastail dícharbónaithe i gcomhair oileáin bheaga, lena n-áirítear a dtionscnaimh mhuirí (Fás Gorm) agus éiceachórais.

Reachtálfaidh MUSICA, a sheasann do Multiple Use of Space for Island Clean Autonomy, ardán ar snámh amach ón gcósta ar bhonn píolótach a sholáthróidh 70% de leictreachas agus 100% d'úisce le haghaidh oileán beag a bhfuil suas le 2,000 ag cur fúthu ann. Soláthrófar an fuinneamh trí fhuinneamh in-athnuaite agus meascán d'fhuinneamh gaoithe, PV agus tonnta agus déanfar an t-uisce díshailte a chumhachtú trí leictreachas glas in-athnuaite.

## Luach ar Airgead a Ghiniúint, FEÉ

Lean taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ ar aghaidh ag léiriú barr feabhais eolaíochta, ábharthacht taighde, toradh ar infheistíocht agus luach ar airgead in 2019:

- » Bhuaigh taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €223 milliún ó fhoinsí éagsúla
- » Fuair taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €98 milliún i maoiniú ó fhoinsí AE
- » B'ionann maoiniú ó fiontraíocht phríobháideach agus €28 milliún
- » Is é an cóimheas maoinithe ó Státchiste na hÉireann go Státchiste nach Státchiste na hÉireann é 1:2.0

Is é an cóimheas maoiniú náisiúnta go maoiniú Idirnáisiúnta 1:1.4. Tharraing Ionaid Taighde FEÉ as tuairim is **€172.6 milliún** i maoiniú carnach Fhís 2020 agus tá ceangaltas tionscail **€466 milliún** air.

**€98**  
**milliún**

Maoiniú Seachtrach €98  
milliún a fuarthas le  
haghaidh Taighdeoirí arna  
Maoiniú ag FEÉ ó fhoinsí AE

## Maoiniú Seachtrach a Fuarthas le haghaidh Taighdeoirí arna Maoiniú ag FEÉ in 2019

	Maoiniú Iomlán a Fuair PI (€)
An tAontas Eorpach	97,727,624
Fiontraíocht Phríobháideach	27,662,119
Fiontraíocht Éireann – Dámhachtainí Tráchtálaithe agus Neamhthráchtálaíochta	26,553,451
Foinse Eile Rialtas na hÉireann	19,099,800
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	16,591,666
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	6,261,446
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM	4,886,661
An Bord Árachais Sláinte	4,317,769
Foinsí Rialtas Idirnáisiúnta Eile	3,636,236
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	3,160,722
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	3,103,322
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	2,164,055
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	2,023,253
Wellcome Trust	1,773,866
Foinse Eile	1,006,174
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	858,087
Foras na Mara	470,808
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Éire	411,423
Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta SMA	353,485
Teagasc	328,000
ÚFT Éireann	200,000
<b>Iomlán</b>	<b>222,589,967</b>



## Dámhachtainí na Comhairle Eorpaí um Thaighde

In 2019, bhuaigh taighdeoirí Éireannacha 15 Dhámhachtain na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar fud na hÉireann i ngach réimse, le tarraingt anuas iomlán de €19.5 milliún. Orthu sin, bronnadh dámhachtain ar 12 thaighdeoir arna maoiniú ag FEÉ, ba mhórdhámhachtainí Deontais Chomhdhlúite iad sé cinn acu sin, arb ionann é agus maoiniú de bhreis agus €12 mhilliún.

Bronnadh ceithre cinn de na sé dhámhachtain i réimse STEM, ar fud na nEolaíochtaí Beatha, agus na nEolaíochtaí Fisiciúla agus réimsí Innealtóireachta, agus is imscrúdaitheoirí in Ionaid Taighde FEÉ iad ceathrar díobh sin a fuair dámhachtain.


Faoi dheireadh 2019, bhuaigh taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn breis agus €123 milliún i maoiniú i ndeontais ERC, rud a sháraíonn sprioc an Rialtais d'Éirinn faoi Fhís 2020, dar luach €100 milliún (2014-2020).

## Tionscnaimh arna Chómhaoiniú ag AE

D'infheistigh FEÉ i naoi dtionscnamh arna chómhaoiniú ag AE le linn 2019. Orthu sin, ba chúig cinn iad ERA-net, ba thrí cinn iad Comhthionscnaimh Chláir agus ba cheann amháin Comhthionscnamh Teicneolaíochta, tríothu tá 31 taighdeoir FEÉ ina gcomhpháirtithe, in 26 tionscadal trasnáisiúnta.

## Maoiniú Daonchairdiúil a Ghiaráil

Bhronn Fondúireacht Michael J Fox le haghaidh taighde ar ghalar Parkinson maoiniú US\$300,000 ar [CÚRAM](#), [Ionad Taighde FEÉ](#) le haghaidh Feistí Leighis faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun cur chuige nuálach a fhorbairt i dtaca le deisiú inchinne i gcomhair ghalar Parkinson.



# Ionaid Taighde FEÉ

Tá infheistíocht charnach de **€684 milliún** agus gealltanais tionscail de **€466 milliún** i gceist le líonra 16 Ionad Taighde FEÉ.

Nascann Ionaid Taighde FEÉ eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtíochtaí ar fud **812 comhlacht taighde** ar fud an domhain, lena n-áirítear naoi n-ollscoil Éireannacha agus seacht nInstitiúid Teicneolaíochta Éireannacha.

Shínigh na hIonaid **900** comhaontú taighde chomhoibríoch le **470** cuideachta ar fud an domhain (230 in Éirinn) agus meallann siad taighde lena gcuirtear méid tábhachtach le geilleagar na hÉireann, agus lena méadaítear deiseanna oideachais agus gairme STEM.



Go dtí seo, rinne **Ionaid Taighde FEÉ** an méid seo a leanas:

**€257 milliún**

Fuair siad €257 milliún i maoiniú neamhthráchtála nach ón státchiste é

**€193 milliún**

ó Thionscal

**405**

Dámhachtain Tráchtálaithe de chuid Fiontraíocht Éireann

**222**

comhaontú um cheadúnú

**36**

Mac-chuideachta

**20**

Dámhachtain Spoke

## Comhthorthaí carnacha eochairtháscaire feidhmíochta le haghaidh Ionaid Taighde FEÉ suas go dtí deireadh 2019:

Eochairtháscaire Feidhmíochta	Carnach-go dtí-2019
Foilseacháin irisí	8,303
Foilseacháin comhdhálacha	4,982
Céimithe MSc/MEng	134
Céimithe PhD	1,040
% Imeacht oiliúnaithe agus an tionscal mar a lú cheann scríbe	37%
Rannpháirtithe AE	429
Comhordú AE	105
Dámhachtainí ERC	37
Dámhachtainí Tráchtálaithe EI	405
Comhaontuithe um cheadúnais	222
Mac-chuideachta cuimsithe	36

Sciar Costais agus Giaráil	Toradh	Sprioc	Rath
Airgead tirim sa Bhanc	€76.1 milliún	€52.2 milliún	146%
Maoiniú iomlán a fuarthas ó Thionscal	€193.5 milliún	€149.8 milliún	129%
Maoiniú nach ón státchiste é, maoiniú neamhthráchtála	€257.1 milliún	€276.5 milliún	93%

- » **Rochtain idirnáisiúnta:** Síniódh 120 Comhaontú Taighde Conartha in 2019, arb ionann é agus €22 milliún orthu sin bhí 71 le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
- » **Infheistíocht a Ghiaráil:** [Le haghaidh gach €1 arna infheistiú](#) ag an Stát, ghin Ionad Taighde FEÉ ADAPT le haghaidh Teicneolaíocht Meán Digiteach €5.30 do gheilleagar na hÉireann, arb ionann é agus €300+ milliún thar thrí bliana.
- » **Eolaíocht den Scoth:** Chruthaigh taighdeoirí léargais 2,000+ foilseachán, 72 comhaontú um cheadúnais agus ghlac siad páirt in 86 tionscadal AE.
- » **Tallann:** [Chruthaigh Ionad Taighde FEÉ, SSPC le haghaidh cláir socrúcháin agus Tionscail](#) PhD struchtúrtha Cógaisíochta leanúnachas láidir tallainne, le 70% dá thaighdeoirí ag aistriú chuig tionscal.
- » **Athrú aeráide:** D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide uailmhianach, a shonraíonn conas is féidir le hÉirinn a spriocanna laghdaithe astaíochtaí éigeantacha AE le haghaidh 2030 a chomhlíonadh. Luann sé go follasach taighde agus treoir ó Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muirí agus Aeráide, MaREI, ar Oiriúnú don Athrú Aeráide agus ardán gréasánbhunaithe Aeráid Éireann.



# Spotsolas ar Thionchar Sochaíoch



Sa phictiúr (c-d): Barry Skillington, Príomhoifigeach Airgeadais Thrialacha Cliniciúla Bia Atlantia, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann, An Taoiseach, Leo Varadkar T.D., Andrea Doolan, Príomhfheidhmeannach Thrialacha Cliniciúla Bia Atlantia agus Julie Sinnamón, Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann.

## Cuidíonn mac-chuideachta Ionad Taighde FEÉ le bianna feidhmiúla a fheabhsú

### Dearann agus seachadann Trialacha

Cliniciúla Bia Atlantia, mac-chuideachta de chuid Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome a óstáladh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, staidéar cliniciúil i gcomhábhair bhia, forbhiana agus bith-theiripic bheo, ar baictéir phutóige iad atá aonraithe ó dhaoine sláintiúla, agus bíonn tionchar teiripeach acu chun galar a chomhrac.

Feidhmíonn bianna feidhmiúla mar seo a thástálann Atlantia chun tús galair a sheachaint agus a chosc. Ghlac Príomhfheidhmeannach Atlantia, Andrea Doolan, páirt i gcomhchainteanna leis an Taoiseach, Leo Varadkar TD, le linn cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig i Márta 2019.

Thug an chéad staidéar dá chineál le fios san iris ghradamach, Gastroenterology, conas is féidir le baictéir a úsáid chun othrais atá spreagtha ag aspairín a leigheas. Is sárshampla é an staidéar de cros-chomhoibriú, idir APC Microbiome, Trialacha Cliniciúla Bia Atlantia, cuideachta eolaíochtaí bitheacha ilnáisiúnta, Chr. Hansen, agus Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh.

## Ag Feabhsú saolta othair a bhfuil titimeas orthu

Meastar go bhfuil 50 milliún duine ar fud an domhain a bhfuil titimeas orthu. Fuair taighde faoi stiúir FutureNeuro, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Galair Néareolaíoch Ainsealacha agus Neamhchoitianta a d'óstáil Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI), amach go bhfuil patrún móilíní atá le fáil san fhuil sula mbuaileann taom duine.

B'fhéidir de thoradh an taighde go mbeadh forbairt córais réamhrabhaidh ann, rud a thabharfadh le fios do dhaoine a bhfuil titimeas orthu cén uair is baolach go mbuailfeadh taom iad.



An tOllamh David Henshall, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ, FutureNeuro le tacadóir othar, Collette Delahunty.



## An tEolas is Deireanaí faoi Bheartas FEÉ

### Ionracas Taighde

I ndiaidh clár píolótach rathúil, cuireadh céim foinse sonraí san áireamh i ngach measúnú dul chun cinn meántéarmach de chuid dhámhachtainí atá faoi stiúir imscrúdaitheoir FEÉ. Ligeann an chéim seo do phainéal ábhair sheachtraigh saineolaithe staidéar a dhéanamh ar fhoinse tacair sonraí agus dul i mbun teagmhála leis an bhfoireann taighde ae ábhair a bhaineann le hoiliúint, meantóireacht agus maoirseacht mar aon le nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh gabháil sonraí, anailíse, stórais agus coimeádaíochta. Is tionscnamh ón mbarr anuas é Nós Imeachta Comhaontaithe FEÉ a fhéachann ar na beartais agus nósanna imeachta mar thaca le hIonracas Taighde agus a chumhacht, laistigh d’eagraíocht taighde. Cuireadh an clár píolótach Nós Imeachta Comhaontaithe i gcrích le linn 2019 agus tá sé á chur i bhfeidhm anois mar aon le Clár Bliantúil iniúchóireachta FEÉ.

Leanann FEÉ ar aghaidh ag tacú le clár oiliúna Ionracais Taighde náisiúnta, a ndearna breis agus 8,000 taighdeoir rochtain air. Tá an clár seo ina bhliain dheireanach anois.

### Eolaíocht Oscailte

Aithníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go mbaintear lánleas as taighde sochaíoch agus eacnamaíoch nuair atá rochtain ag gach duine ar aschuir thaighde. In 2019, bhí 50% de na hailt bhunaidh agus léirmheasa arna maoiniú ag FEÉ a foilsíodh ar fáil go hoscailte, arb ionann é agus méadú 5 faoin gcéad ar an mbliain roimhe. San áireamh sna tionscnaimh eile chun tacú le heolaíocht oscailte tá:

- » Is comhpháirtí é FEÉ le cOAlition S ó 2018 i leith agus tacaíonn sé le glaoch Phlean S<sup>6</sup> ar rochtain oscailte lán agus láithreach ar fhoilseacháin léannta.
- » Sonraíonn Beartas Rochtana Oscailte FEÉ, a foilsíodh i Nollaig 2019<sup>7</sup>, go gcaithfidh gach foilseachán a éiríonn as taighde arna maoiniú ag FEÉ bheith ar fáil go hoscailte ón 1 Eanáir 2021.
- » Tacaíonn FEÉ le hidirbheartaíocht i dtaobh comhaontuithe bunathraitheacha<sup>8</sup> idir Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann (IREL) agus foilseacháin idirnáisiúnta, amhail an comhaontú a daingíodh le deireanas le Elsevier<sup>9</sup>.
- » Is sínitheoir é FEÉ de Fhorógra San Francisco um Measúnú Taighde (DORA<sup>10</sup>), agus tá sé tiomanta fós d’ábhar, rochtain, tionchar na bhfoilseachán a ,heas, seachas an iris nó foilsitheoir nuair a dhéantar measúnú ar aschuir thaighde.
- » Ar aon dul leis am mbeartas rochtana oscailte, sonraíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann gur cheart do shonraí taighde a bheith Inaimesithe, Inrochtana, Comh-inoibritheach agus In-athúsáide (FAIR<sup>11</sup>). Ní mór d’iarratasóirí gach glaoch maoinithe nua a bPleananna Bainistíochta Sonraí a chur isteach, ag cur síos ar a nósanna imeachta chun sonraí a bhailiú, a stóráil, a roinnt agus a chaomhnú.

<sup>6</sup> [Plean S](#)

<sup>7</sup> [Beartas Rochtana Oscailte FEÉ](#)

<sup>8</sup> [Comhaontuithe Bunathraitheacha](#)

<sup>9</sup> [Margadh Elsevier](#)

<sup>10</sup> [DORA](#)

<sup>11</sup> [FAIR](#) An Coimisiún Eorpach (2018) chun FAIR a Réadú [Tuarascáil Deiridh agus Plean níomháíochta ó Shainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh ar Shonraí FAIR](#). Lucsamburg: Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh.

## Cleachtais Leabharlainne Inbhuanaithe

Ba é CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis a d'óstáil OÉ Gaillimh, an chéad saotharlainne san Eoraip le bheith deimhnithe mar Shaotharlann Ghlas ag My Green Lab, eagraíocht neamhbhrabúsach arb é a sprioc inbhuanaitheacht an taighde eolaíochta a fheabhsú go bunúsach agus go buan.

Le saotharlanna taighde a fhaigheann réidh, meastar, le breis agus 5.5 tona méadrach plaistigh gach bliain ar fud an domhain, bhunaigh an Dr Una Fitzgerald, imscrúdaitheoir agus Stiúrthóir Ionad Néareolaíochta na Gaillimh arna maoiniú ag CÚRAM, tionscnamh Shaotharlanna Glasa na Gaillimhe chun cleachtas a athrú ó bhonn ar fud an champais agus chun aghaidh a thabhairt ar cheistanna amhaíl dramhaíl phlaisteach, laghdú fuinnimh, athchúrsáil, agus úsáid uisce. Laineáil Cúram físeán gearr faisnéis, 'The time to green our labs is now' chun feasacht a ardú i leith a n-oibre agus chun daoine eile a spreagadh i dtaobh a gcleachtais saotharlainne.

Féach ar an bhfíseán [anseo](#).



An Dr Una FitzGerald ag Cruinniú Mullaigh Eolaíocht FEÉ 2019.



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird, Struchtúr na hEagraíochta agus Fógraí Reachtúla

# Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann\*



## An tOllamh Peter Clinch

### Cathaoirleach Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)

Ceapadh an tOllamh Peter Clinch ina Chathaoirleach ar Bhord FEÉ i Lúnasa 2019. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais roimhe seo mar ar thug sé a sheirbhís mar chomhairleoir sinsearach neamhspleách don Rialtas ar iomaíochas, trádáil agus beartas geilleagair. Cheap ceithre rialtas Peter i bpoist freagrachta, lena n-áirítear post mar phríomhchomhairleoir beartais don Taoiseach. Is iar-Leas-Uachtarán ar COBÁC é mar a bhfuil sé ina Cathaoirleach Jean Monnet ar Bheartas Poiblí agus is comhalta Dáimhe Cleamhnaithe é den chlár iomaíochais san Institiúid le haghaidh Straitéise, Scoil Ghnó Harvard. Bhí poist chuartaíochta, nó bhí sé ina aoichainteoir sna hollscoileanna seo, i measc ollscoileanna eile, a leanas: Ollscoil California, Berkeley agus San Diego, Ollscoil Oxford, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Southern California agus Scoil Rialtais John F. Kennedy in Ollscoil Harvard. Bhí Peter ina chomhairleoir don Bhanc Domhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus do roinnt rialtais/gníomhaireachtaí náisiúnta, i measc eagraíochtaí eile. Téann eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhairle leis go rialta ar chúrsaí straitéis agus rinne sé obair shuntasach maidir le raon leathan réimsí beartais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal na hEorpa. Tá céim BA agus MA céadonóracha san eacnamaíocht, PhD, Dioplóma i Measúnacht Tionchair Timpeallachta aige agus is céimí de chuid an Chláir Ard-Bhainistíochta é i Scoil Ghnó Harvard. Tá sé in údar le 200 foilseachán agus páipéar ar ghnéithe éagsúla d'fhorbairt gheilleagair inbhuanaithe. In 2017, bronnadh Comhaltacht Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta le haghaidh taighde oirirc agus obair mhór ar bheartas.



## An tOllamh Mark W.J. Ferguson

### Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

Thosaigh an tOllamh Mark W.J. Ferguson mar Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in Eanáir 2012 agus mar Phríomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2012. Is Cathaoirleach é an tOllamh Ferguson ar Bhord Comhairleach Píolótach an Choimisiúin Eorpaigh don Chomhairle Eorpach um Nuálaíocht agus is comhalta bunaidh é de Thionscnamh Ard-Gheilleagar Beag. D'fhóin sé le déanaí ar Ghrúpa Ardleibhéil AE ar thionchar H2020 agus bhí sé ina chathaoirleach ar choistí idirnáisiúnta a rinne athbhreithniú ar chórais Taighde agus Nuálaíochta na Danmhairge, na hUngáire agus Cheanada. Ina Ollamh agus ina Dhéan ar na hEolaíochtaí Bitheolaíochta roimhe seo in Ollscoil Mhanchain, ba chomhbhunaitheoir agus POF é ar Renovo Group Plc. Fuair an tOllamh Ferguson sraith duaiseanna agus dámhachtainí taighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear Duais Eolaíochta na hEorpa (comhbhunaiteoir) 2002, is údar é ar 329 páipéar agus caibidil leabhair, 61 teaghlach paitinne, is údar/eagarthóir é ar ocht leabhar, rinne sé stiúradh ar 77 mac léinn PhD agus dámhadh breis agus £70 milliún dó i ndeontais taighde iomaíochta agus tuairim is £100 milliún i maoiniú cothromais gnólachtaí nuathionscanta. Bhain an tOllamh Ferguson a chéim amach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le céimeanna san Fhiaclóireacht (BDS 1ú onóracha), Anatamaíocht agus Sutteolaíocht (BSc 1ú onóracha, PhD), agus Eolaíochtaí Leighis (DMedSc), tá Comhaltacht aige ó Choláistí Ríoga na Máinleá in Éirinn (FFD), agus Dhún Éideann (FDS) agus is Comhchomhalta é ar UK Academy of Medical Sciences (FMedSci) Tá sé ina bhall nó ina Chomhalta de líon Cumann léannta agus rinne an Bhanríon “Ceannasaí Impireacht na Breataine” (CBE) de in 1999 le haghaidh seirbhísí d'Eolaíochtaí na Sláinte agus na Beatha.

\* Amhail an 30 Aibreán 2020



## An tUasal Aidan W. Donnelly

### Bainisteoir Gníomhach ar Advest Management Ltd.

Is é Aidan Donnelly an Bainisteoir Gníomhach ar Advest Management Ltd., cuideachta bainistíochta um chiste cothromais phríobháidigh. Lena chois sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar NORA, gníomhaireacht Rialtas na hÉireann atá freagrach as Stoic Ola Nádúrtha na hÉireann agus tá leasanna aige i ngnólaachtaí nuathionscanta foinsí in-athnuaite agus comhshaoil. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus ar bhainistíocht cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíríonn ar an teicneolaíocht in Éirinn amhail Xerox (Eoraip) Teo., Quantum Peripheral Products Teo., Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Teo.) agus an ceann is déanaí, ServeCentric Teo. Ar feadh breis agus 12 bhliain, rinne Aidan seirbhís in arm na hÉireann, ina raibh sé ina Chaptaen ar Chór Ordanáis an Airm. Thuill sé M.B.A. (COG), M.I.E. (COBÁC) agus B.Sc. (COG) agus is Stiúrthóir Cairte é (C.Dir.) leis an IOD.



## Máire Geoghegan-Quinn, Uasal

### Iar-Choimisinéir maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Arna ceapadh mar chomhalta Bhord FEÉ i mí Aibreáin 2018, d'fhóin Máire Geoghegan-Quinn mar an Choimisinéir maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh 'Aontas Nuálaíochta'; chuir sí an Réimse Eorpach um Thaighde chun cinn; agus sheachaid sí an creatchlár taighde ba mhó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 billiún san iomlán le haghaidh taighde agus nuálaíochta). Bhí an fhreagracht pholaitiúil aici as dhá ard-stiúrthóireacht – an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. D'fhóin Máire roimhe sin mar TD de chuid Fhianna Fáil le haghaidh thoghcheantar Ghaillimh Thiar (1975–1997); agus bhí líon post aici mar Aire, lena n-áirítear: Aire na Gaeltachta (1979–1981), arbh í an chéad bhean a bhí ina hAire Rialtais ó bunaíodh Stát na hÉireann; an tAire Gnóthaí Eorpacha (1987–1991); agus an tAire Dlí agus Cirt (1993–1994). Tá Céim Dochtúra Dlíthe aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, céim Dochtúra Eolaíochta ó COBÁC (ar honoris causa an dá cheann); agus Légion d'honneur i measc bronnta eile. Tá sí ina Comhalta den Airmheán Eorpach Comhpháirteach Taighde (JCR) Líonra Alumni agus ina Comhalta Oinigh de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



## An tUasal Dermot Mulligan

### Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá Dermot Mulligan ina Cheann ar Rannán Nuálaíochta agus Infheistíochta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tuairiscíonn sé d'Ar-Rúnaí na Roinne agus don Aire. I measc a réimse freagrachta tá ceapadh agus cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le Nuálaíocht (lena n-áirítear Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Forbairt), Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus Trádáil Thuaidh/Theas. D'oibrigh sé cheana i raon Ranna Rialtais lena n-áirítear na Ranna Sláinte, Airgeadais agus Oideachais agus Scileanna. Tá chéad chéim aige sa Dlí agus M.Sc. (Eacnamaíoch) i Staidéar Beartas ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC agus MBA ó Ollscoil Warwick.



## An tOllamh Sir Tom Blundell

### Stiúrthóir Taighde agus an tOllamh Emeritus sa Bhithcheimic, Ollscoile Cambridge

Bhí poist teagaisc agus taighde ag an Ollamh Tom Blundell roimhe seo in Ollscoileanna Londain, Sussex agus Oxford agus stiúran sé foireann taighde ghníomhach sa bhitheolaíocht struchtúrach agus ríomhaireachta sa Rannóg Bithcheimice in Ollscoil Cambridge. Chomhbhunaigh sé Astex Therapeutics in 1999, a díoladh ar \$886 milliún le Otsuka. Tá Tom fós ar an mBord agus tá druga d'ailse chíche ar an margadh aige ar fud an domhain agus ocht gcinn i dtrialacha cliniúla. Bhí sé ina chomhalta de líon Bord agus de Bhoird Chomhairleacha Eolaíochta i gcuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta araon, lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB. Bhí roinnt ról ghradamacha ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach an Choimisiúin Ríoga um Thruailliú Comhshaoil agus Carthanais, agus bhí sé ina chomhalta de ghrúpa comhairleach don Phríomh-Aire. Bhí sé ina POF bunaidh agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde na Biteicneolaíochta agus nEolaíochtaí Bitheolaíochta. Rinneadh ridire de Tom Blundell in 1997 agus tá sé ina chomhalta de roinnt acadamh. Bronnadh a lán dámhachtainí, duaiseanna, bonn agus onóracha air dá chuid oibre taighde agus tá Dochtúireachtaí Onóracha aige ó 16 Ollscoil. Ar na duaiseanna a bronnadh air le deireanas tá Duais Ewald.



## An tUasal Liam Madden

### Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Bainisteoir Ginearálta Ghrúpa Sreangaithe agus gan Sreang ag Xilinx

Stiúran Liam Madden eagraíocht gairmithe T&F ar fud an domhain, lena n-áirítear foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus mar BG tá sé freagrach chomh maith as an ngnólacht bhonneagair Wired and Wireless. Tá breis agus 30 bliana caite ag an Uasal Madden i dtionscal leathsheoltóra SAM, mar ar ghlac sé páirt i réimse phríomhtháirgí agus phríomhtheicneolaíochta an tionscail. Bunaithe in Silicon Valley, d'oibrigh sé le cuideachtaí bunaithe agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO rathúil. Tá an tUasal Madden ina chainteoir rialta ag imeachtaí ollscoile agus tionscail ar fud an domhain. Tá chúig phaitinn aige sa teicneolaíocht leathsheoltóra. Tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí na hÉireann agus ó Feabhra 2013 go dtí 2018 bhí sé ina Ollamh Cúntóra san Innealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Cumarsáide ag COBÁC.



## Mary Doyle, Uasal

### Iar-Ardstiúrthóir, an Roinn Oideachais agus Scileanna

Suíonn Mary Doyle, Uasal ar Bhord FEÉ mar cheapaí an Aire Oideachais agus Scileanna. Ghlac Mary a ról sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mí an Mheithimh 2012 inar stiúir sí na Rannáin Ardoideachais agus Breisoideachais sa Roinn. D'oibrigh sí i Roinn an Taoisigh, na Sláinte, agus bhí sí ina hArd-Stiúrthóir in Oifig/Roinn an Aire agus Gnóthaí Leanaí agus Óige. Bhí sí ina comhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Bhord Náisiúnta Staidrimh agus bhí sí ina Comhairle Fóraim den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá sí ina comhalta faoi láthair ar Bhord The Wheel. Tá céim aici ó Staidéar na hEorpa ó Ollscoil Luimnigh agus Máistreacht i mBainistíocht na Seirbhíse Poiblí ó Choláiste na Tríonóide/Foras Bainistíochta na hÉireann.



## Gráinne McAleese, Uasal

### An Ceann Airgeadais do UDG Healthcare plc

Ceannaire gnó sinsearach is ea Gráinne McAleese ag a bhfuil taithí ar a bheith ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal coiste feidhmiúcháin i ról airgeadais agus cheannaireachta, sa tionscal cógaisíochta agus biteicneolaíochta den chuid is mó. Tá Gráinne ina Ceann Airgeadais faoi láthair do UDG Healthcare plc, cuideachta dhomhanda a bhfuil a ceanncheathrú in Éirinn a sholáthraíonn seirbhísí nuálacha seachfhoinsithe do chuideachtaí cúraim sláinte. Roimh UDG Healthcare, d'oibrigh sí mar Bhainisteoir Ginearálta d'Éirinn agus Leas-Uachtarán Airgeadais le Alexion Pharmaceutical, cuideachta biteicneolaíochta SAM i gcomhair galair neamhchoitianta. Chaith an tUasal McAleese 10 mbliana ag obair le Elan Corporation, plc sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn i ról éagsúla airgeadais chorparáidigh, straitéisigh agus ghrúpa, agus le déanaí mar Rialaitheoir Corparáideach agus Príomhoifigeach Cuntasaíochta. Tá an tUasal McAleese ina Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cuntasóir Poiblí Deimhnithe sna Stáit Aontaithe, agus tá céim Bhaitsiléara agus Mháistreachta aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



## An tUasal Brendan Harte

### Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais, ICON plc

Tá Brendan Harte, FCA ina Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais in ICON Plc, eagraíocht taighde chliniciúil dhomhanda a bunaíodh in Éirinn agus a fhostaíonn tuairim is 15,000 duine. Thosaigh sé ag obair le ICON in 2008 agus bhí roinnt ról dhomhanda aige ar an bhfoireann ardbhainistíochta, le fócas ar phríomhthionscnaimh athraithe, athstruchtúrú straitéiseach na samhla gnó agus tacú leis an spreagadh i gcomhair fáis agus luach méadaithe scairshealbhóra. Ina ról reatha, tá sé ina cheannaire ar an bhfoireann a bhfuil sé de fhreagracht aici ionduchtú rathúil agus cuimsiú domhanda a chinntiú maidir le línte gnó nua a cheannaigh ICON. I ról roimhe seo, d'fhorbair agus stiúir sé foirne móra, ildisciplíneacha atá freagrach as réimsí amhail Tuairiscí Airgeadais, Cuntasaíocht Chorparáideach, Cánachas, Comhlíonadh Reachtúil, agus Íocaíochtaí Imscrúdaitheora. Sular thosaigh sé ag obair le ICON, d'oibrigh sé i ról cheannaireachta le Seirbhísí Airgeadais Hewlett Packard, Accenture, agus Meridian Vat Reclaim. Is Comhalta é an tUasal Harte de Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Ceapadh Brendan ar Bhord FEÉ ar an 17 Nollaig 2019.



## Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

### Rialachas

Bunaíodh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 7 den Acht seo, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (“an tAire”) agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíodh sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. In Alt 7(4) den Acht ceanglaítear ar an mBord cloí leis na treoracha ginearálta sin a bhaineann le beartas i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a thabharfadh an tAire. Tá gnáthbhainistíocht laethúil, rialú agus treoir Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí faoi fhreagracht an Ard-Stiúrthóra agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Lena chois sin, spreagann an Bord atmaisféar eiticíúil na Fondúireachta lena ghníomhaíochtaí féin, ach chomh maith leis sin trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an lucht bainistíochta sinsearaí agus ar na baill foirne lena chinntiú go gcuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann luachanna, dea-chaighdeán rialachais agus iompar eiticíúil i gcroílár gach leibhéal den Fhondúireacht. Cloíonn an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an tArd-Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar an Bhoird, ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá:

- » Dearbhú leasanna
- » Tuarascálacha ón na gcoistí Boird, lena n-áirítear scaipeadh miontuairiscí.
- » Tuarascálacha airgeadais /cuntais bhainistíochta.
- » Tuarascálacha feidhmíochta.
- » Clár rioscaí.
- » Cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord.

In Alt 24 den Acht ceanglaítear ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Fondúireachta:

- » Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- » Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- » Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh sí ar aghaidh i mbun oibre, agus a shonrú má cloíodh le caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ábhartha ar bith a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht. Tá coimeád agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta faoi fhreagracht an Bhoird. Tá an Bord freagracht as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Fondúireachta faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar an 6 Nollaig, 2019. Rinne an Bord, tríd an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca den chuid is mó, measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chuí agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú. Tá an Fhondúireacht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh lena gcosaint agus calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cothrom i ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Fondúireachta amhail an 31 Nollaig 2019.

## Struchtúr agus Coistí an Bhoird agus

Cuimsítear de ghnáth i mBord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Tá na scileanna agus an saineolas comhlántach is cuí ag na Comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin Boird chun an straitéis agus na beartais leathana a leagan amach don Fhondúireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar a feidhmiú. Tá sonraí sa tábla thíos maidir leis an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta a Ceapadh
An tOllamh Peter Clinch	Cathaoirleach	01/08/2019
An tOllamh Mark Ferguson	Ard-Stiúrthóir	16/01/12 (athcheaptha 16/01/17)
An tOllamh Sir Tom Blundell	Comhalta Boird	19/11/14 (athcheaptha 25/07/2019)
An tUasal Aidan Donnelly	Comhalta Boird	05/12/13 (athcheaptha 08/06/17)
Mary Doyle, Uasal	Comhalta Boird	05/12/2012 (athcheaptha 23/08/16)
Máire Geoghegan-Quinn, Uasal	Comhalta Boird	11/04/18
An tUasal Brendan Harte	Comhalta Boird	17/12/19
An tUasal Liam Madden	Comhalta Boird	01/02/13 (athcheaptha 08/06/17)
Gráinne McAleese, Uasal	Comhalta Boird	25/10/18
An tUasal Dermot Mulligan	Comhalta Boird	02/09/15

Rinne an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht i bhFeabhra 2020 trí thuarascáil a chur isteach maidir le gníomhaíochtaí 2019, lenár áiríodh athbhreithniú ar Choistí an Bhoird agus chomhlánaigh na comhaltaí Boird ceistneoir meastóireachta Boird chomh maith. Chuir an Bord ceithre choiste ar bun mar a leanas:

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), ina gcuimsítear cúig chomhalta, tacaíocht a thabhairt don Bhord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna um riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar chosaintí an chórais rialuithe inmheánacha agus airgeadais, déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus ar sheoladh iniúchtaí ar dheontais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an dheonaítear d'institiúidí seachtracha. Cinntíonn an coiste go bhfuil córas ann chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus soláthar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí um maolú agus go gcoimeádtar cothrom le dáta é. Déanann an coiste monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar thuarascálacha airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn rialta lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an coiste freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna nuashonrú i Meán Fómhair 2016.

Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain. Is iondúil go gcuimsítear cúigear comhaltaí sa Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca lena n-áirítear comhalta seachtrach amháin ar a laghad: Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Brendan Harte (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Grainne McAleese, Marcus Breathnach agus Stephen O'Connor (a ndearnadh comhalta den choiste de ar an 30 Márta 2020). Ní comhaltaí Boird é an tUasal Breathnach agus is ionadaí de chuid na Roinne é. Is comhalta coiste seachtrach freisin é an tUasal O'Connor. D'éirigh an tUasal Bernie Cullinan as mar chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i Nollaig 2019 i ndiaidh dó téarma 10 mbliana a chur i gcrích mar chomhalta Boird agus mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ceapadh an tUasal Harte, a bhí ina chomhalta seachtrach den Choiste, ar an mBord ar an 17 Nollaig 2019 agus cheap an Bord mar Chathaoirleach den Choiste é ar an dáta sin. Bhí naoi gcruinniú ag an CIR in 2019.

## Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird (CCA) agus breithníonn sé na scileanna a theastaíonn don Bhord, chomh maith le réimsí saineolais agus tugann siad comhairle don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá réir sin nuair a thagann folúntas sa Bhord chun cinn. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste an tOllamh Peter Clinch (Cathaoirleach), an tOllamh Mark Ferguson agus an tUasal Dermot Mulligan. Bhí an tUasal Cullinan, agus é ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar FEÉ, ina chomhalta den Choiste seo freisin. Bhí dhá chruinniú den Choiste in 2019.

## An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tá beirt chomhaltaí sa Choiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair (MDRC) agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus déanann sé maoirseacht ar phleanáil le haghaidh forbairt bainistíochta agus comharbais. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste, an tOllamh Peter Clinch (Cathaoirleach) agus an tUasal Aidan Donnelly. Bhí an tUasal Cullinan, agus é ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar FEÉ, ina chomhalta den Choiste seo freisin. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2019.

## Coiste Ceada Deontas

Tugtar an chumhacht do Choiste Ceada Deontas FEÉ (CCD), ina bhfuil cúigear comhaltaí, tograí maidir le deontais taighde a cheadú i gcomhréir leis na leibhéil údaráis tarmligthe arna gceadú ag an mBord. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste: An tUasal Liam Madden (Cathaoirleach), an tOllamh Tom Blundell agus an tOllamh Mark Ferguson. Rinneadh comhalta Coiste de Chiaran Conlon agus é ina chomhalta seachtrach ar an 30 Márta 2020. D'éirigh an Dr Pat Duane as mar chomhalta den Choiste seo in Iúil 2019 agus d'éirigh an tUasal Barry O'Sullivan as an gCoiste seo freisin i Nollaig 2019. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste in 2019 (agus cheadaigh comhaltaí an choiste deontais ar an ríomhphost dhá uair). Chuir an Coiste athbhreithniú ar a éifeachtúlacht i gcrích i Márta 2020 i ndiaidh dóibh ceistneoir féinmheasúnaithe a chomhlánú.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí le haghaidh 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach comhalta:

	An Bord	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Ceada Deontas	Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird	An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair	Táillí 2019 €	Speansas 2019 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	9	9	3	2	1		
An tOllamh Peter Clinch (ceaptha 01/08/19)	3			1		-	€247
An tOllamh Mark Ferguson	9		3	2		-	-
An tOllamh Sir Tom Blundell	7		3			€11,970	€1,874
Bernie Cullinan, Uasal	9	9		2	1	€11,165	€292
An tUasal Aidan Donnelly	9	8		-	1	€11,970	-
Mary Doyle, Uasal	7					-	€278
An Dr Pat Duane	3		1			€6,789	-
Máire Geoghegan-Quinn, Uasal	6					€11,970	€340
An tUasal Brendan Harte (ceaptha 17/12/19)	1	9					
An tUasal Liam Madden	6		3			-	€27,477
Gráinne McAleese, Uasal	6	8				€11,970	-
An tUasal Dermot Mulligan	8			2		-	-
An tUasal Barry O'Sullivan	3		0	1		-	-
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*						€8,550	-
<b>Iomlán</b>						<b>€74,384</b>	<b>€30,508</b>

Íoctar na comhaltaí Boird táillí arna socrú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socrúithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh Peter Clinch, an tOllamh Mark Ferguson, Mary Doyle, Uasal, agus an tUasal Dermot Mulligan.

\*I dtaca leis an Ollamh Clinch, tríd an Roinn, Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun cúiteamh a dhéanamh de chostais COBÁC (mar fhostóir) maidir leis an Ollamh Clinch a scaoileadh saor chun bheith ar Bhord FEÉ suas go dtí an táille ábhartha le haghaidh phost an Chathaoirleach.

Lena chois sin, tharscaoil beirt chomhaltaí Boird, an tOllamh Liam Madden agus An tUasal Barry O'Sullivan, a dtáillí Boird.

## Príomhathruithe ar an bPearsanra:

Na daoine a leanas a ceapadh ar an mBord agus na daoine a d'éirigh as in 2019:

- » D'éirigh an Dr Pat Duane as ar an 25 Iúil 2019.
- » Athcheapadh an tOllamh Sir Tom Blundell mar Chomhalta Boird ar an 18 Iúil 2019.
- » Ceapadh an tOllamh Peter Clinch mar Chathaoirleach ar an 1 Lúnasa 2019.
- » D'éirigh an tUasal Bernie Cullinan ar an 7 Nollaig 2019. Bhí an tUasal Cullinan ina Leas-Chathaoirleach agus d'fheidhmigh sé mar Chathaoirleach ar FEÉ ó Nollaig 2018 go dtí an 1 Lúnasa 2019.
- » Ceapadh an tUasal Brendan Harte ar an 17 Nollaig 2019.
- » D'éirigh an tUasal Barry O'Sullivan as ar an 31 Nollaig 2019.

## Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Réimse		Líon na bhFostaithe	
From	To	2019	2018
€60,000	€69,999	14	10
€70,000	€79,999	5	4
€80,000	€89,999	3	-
€90,000	€99,999	6	5
€100,000	€109,999	5	6
€110,000	€119,999	-	1
€120,000	€129,999	1	-
€130,000	€139,999	1	-
€140,000	€149,999	-	1
€150,000	€159,999	2	1
€160,000	€169,999	-	-
€170,000	€179,999	-	-
€180,000	€189,999	-	1
€190,000	€199,999	1	-

Nóta: Chun críocha an nochtá sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2019 €	2018 € Athshonraithe
Táillí comhairleachta i leith aistriú chuig áitreabh nua	553,296	181,009
Comhairle dhlíthiúil	92,575	150,000
Comhairle Caidreamh Poiblí	124,353	115,000
Comhairle um Ionracas Taighde	29,227	21,902
Comhairle Acmhainní Daonna agus Pinsean	26,508	-
Athbheithniú ar mheastóireacht Chlár Fionn FEÉ	-	36,900
Comhairle maidir le cáin agus airgead	-	14,000
Eile	68,421	22,198
<b>Costais sainchomhairleoireachta iomlána</b>	<b>894,380</b>	<b>541,009</b>
Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe	553,296	181,009
Costais Sainchomhairleoireachta gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeáda	341,084	360,000
<b>Iomlán</b>	<b>894,380</b>	<b>541,009</b>

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tá caiteachas a thabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair FEÉ nochta sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

Níor tabhaíodh aon chostas dlí, socraíochtaí nó costais eadrána agus idir-réitigh sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar seo a leanas:

	2019 €	2018 €
<b>Intíre</b>		
-Bord*	17,718	8,964
-Fostaithe	88,531	118,964
<b>Idirnáisiúnta</b>		
-Bord*	29,270	31,872
-Fostaithe	122,443	112,143
<b>Iomlán</b>	<b>257,962</b>	<b>271,943</b>

\*áirítear air taisteal agus cothú €2,690 a íocadh díreach leis na comhaltaí Boird in 2019 (2018: €2,478). Baineann an t-iarbhéid €44,298 (2018: €38,358) le caiteachas a d'íoc Fondúireacht Eolaíochta Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird.

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2019 €	2018 €
Fáilteachas foirne	4,357	1,000
Fáilteachas cliant	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>4,357</b>	<b>1,000</b>

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2019.

## Bainistíocht Riosca

Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann Straitéis agus Beartas Riosca FEÉ, ina leagtar amach an córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina leagtar amach róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le bainistíocht riosca. Rinneadh é seo a nuashonrú in 2020. Is é beartas na Fondúireachta cloí leis an dea-chleachtas um bainistíocht riosca. Sa Bheartas agus sa Straitéis leagtar amach an próiseas trína ndéanann an Fhondúireacht na príomhrioscaí a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shainiú agus conas dul i ngleic leo. Cuireann an Coiste Bainistíochta Rioscaí na rioscaí i dtoll a chéile le hionchur agus tacaíocht ón gCoiste Feidhmiúcháin agus déantar tuarascáil ina leith ag eatraimh rialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca FEÉ agus don Bhord, lena n-áirítear bearta, rialuithe agus nuashonruithe gaolmhara um maolú. Rinne an Bord measúnú ar príomhrioscaí FEÉ, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúig agus bearta nó straitéisí gaolmhara.



## Struchtúr Eagraíochtúil 2020



## Foireann Feidhmiúcháin FEÉ

### An tOllamh Mark Ferguson

**Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann**

Féach an phróifíl iomlán ar leathanach 43.



### An Dr Ciarán Seoighe

**Leas-Ardstiúrthóir**

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstiúrthóir in Eanáir 2018. Ina ról, tá Ciarán freagrach as Straitéis Eagraíochtúil, Cumarsáid Chorpáraídeach agus foireann idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Lena chois sin, déanann sé ionadaíocht ar son an Ard-Stiúrthóra, de réir mar is gá. Chuaigh Ciarán le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh beagnach fiche bliain i gcomhairleacht bainistíochta le Accenture. Tá BA (Mod) aige san Eolaíocht Nádúrtha agus PhD san Fhisic Chandamach ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC. I rith a chuid ama le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas araon, d'oibrigh Ciarán le cuid de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá cuimse taithí aige ar fud earnálacha éagsúla a chomhlíonann tionscnaimh mhórsála um athrú ó bhonn, ath-innealtóireacht gnó, tionscnaimh straitéiseacha agus athraithe.



### An tUasal Donal Keane

**Príomhoifigeach Oibríochtaí**

Ceapadh an tUasal Donal Keane mar an Príomhoifigeach Oibríochtaí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 1 Samhain 2005. Tá an fhreagracht aige as Rialú Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais Deontas, Córais Faisnéise, Líonraí TF, Cosaint Sonraí/RGCS agus idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Iniúchóireachta Inmheánaí i ndáil le hiniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí deontas seachtrach. Chuaigh Donal le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó IADT Dhún Laoghaire, mar a raibh post aige mar Rúnaí/ Rialaitheoir Airgeadas ó 1997 go 2005. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta sinsearaí ag Donal in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Bhí Donal ina chomhalta chomh maith ar Choistí Iniúchóireachta Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (Strasbourg) agus BBSRC (cuid de UKRI anois) le blianta beaga anuas. Tá céim Bhaitisiléara sa Tráchtála ag Donal ó COBÁC agus is Comhalta é ar Institiúid Chairte na gCuntasóirí in Éirinn.



## An Dr Abigail Ruth Freeman

### Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Is Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí in FEÉ í An Dr Abigail Ruth Freeman. Roimhe seo, bhí roinnt ról ag Ruth in FEÉ, lena n-áirítear Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, agus Stiúrthóir Clár, Fiontraíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta. Bhí sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach clár maoinithe taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus as bainistíocht dámhachtainí maoinithe, chomh maith le gníomhaíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le comhpháirtithe an tionscail agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Chuaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir Clár Eolaíochta i Samhain 2006. Sula ndeachaigh sí leis an bhFondúireacht, d'oibrigh Ruth mar thaighdeoir ag Ollscoil na Tríonóide, BÁC. Tá PhD agus céim Bhaitsiléara aici sa Ghéinitic ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC, áit inar bronnadh scoláireacht na Tríonóide uirthi, Duais Eli Lilly don Cheimic agus duais Roberts don Bhitheolaíocht. Maoiníodh taighde PhD Ruth, ar ghéinitic daonra i gcriosanna hibrídeacha, ó scoláireacht ghradamach ón Wellcome Trust agus rinneadh é i gColáiste na Tríonóide agus ILRI, Nairobi.



## An Dr Siobhan Roche

### Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir FEÉ na hEolaíochta don Gheilleagar in 2018. Tá sí freagrach as straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le cláir um maoiniú iomaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth le comhpháirtithe an tionscail, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha móra agus beaga, taighdeoirí acadúla agus páirtithe leasmhara seachtracha eile, maidir le comhoibriú agus cómhaoiniú clár. D'oibrigh Siobhán laistigh d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar feadh roinnt blianta, go déanaí mar Cheann Iar-dhámhachtainí agus Ionaid Taighde FEÉ, i ndiaidh a róil mar Cheann na gComhpháirtíochtaí agus Bainisteoir Clár Eolaíoch. Tá taithí ag Siobhán mar eolaí taighde ón earnáil phríobháideach, mar ar oibrigh sí le Exelixis Inc. atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus le hiarchuideachta nuathionscanta Éireannach maidir le géanóm an duine Hiberger Inc., agus sa saol acadúil mar a raibh sí ina Comhalta Taighde agus ina Ceannaire Grúpa i gColáiste na Tríonóide, agus in Ospidéal Phádraig. Bhí Siobhán ina húdar ar fhoilseacháin i mór-irisleabhair phiarmheasúnaithe agus tá roinnt paitinní idirnáisiúnta aici. Tá B.A. aici Tá Mod aici sa Ghéinitic ó Choláiste na Tríonóide, BÁC agus PhD i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus i gCillbhitheolaíocht ó Ollscoil California in Berkeley (SAM).

## Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

### 1. Comhaltaí Boird – Clárú Leasanna

Oibríonn an Bord de réir na bpríomhphrionsabal um dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh agus i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach i gCód Cleachtais 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ghníomhaíochtaí agus ina úsáid as coistí araon. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a gcuid leasanna i dtiomantais eile leis an Rúnaí.

### 2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Tháinig Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta.

### 3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinneadh comhlacht forordaithe d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ón 31 Bealtaine 2006 i leith. Cloíonn FEÉ go hiomlán leis an Acht. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht a sheoladh ar aghaidh chuig Oifigeach Saorála Faisnéise, Plás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. In 2019 fuair FEÉ sé iarratas Saorála Faisnéise.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

### 4. (i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi choimirce an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é beartas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm lenar féidir le FEÉ gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta ar gach slí ábhartha.

### 4. (ii) Íocaíochtaí prasa le soláthraithe

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta dá hoibleagáidí a bhaint amach faoi na Rialacha um Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011. Leis an bhforáil sin cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn ráithiúil sa roinn ‘Maidir linn – Rialachas – Seirbhís do Chustaiméirí’ den suíomh gréasáin maidir le cur chun feidhme na Rialach um Íoc Pras 15 lá.

<http://www.sfi.ie/about-us/governance/customer-service/>

## 1. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó chroí le prionsabal na gcomhdheiseanna san fhostaíocht. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, gnéaschlaonta, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó ceantar tionscnaimh), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do chur chun feidhme comhdheiseanna ina beartais, úsáid as teanga neamh-idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnófar na baill foirne uile agus go gcaithfear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolais agus a gcáilíochtaí amháin.

## 2. An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh nochtadh ar bith d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2019.

## 3. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010.

I gcomhréir leis an Acht thuas, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le ÚFT bearta cuí chun feidhme chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad laistigh dá hoifigí a chosaint.

## 4. Cairt Cliant

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Cairt Cliant ina leagtar amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin. Cuimsítear sa chairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. In 2019, ní bhfuarthas gearán ar bith faoin gcairt.

## 5. Tuairisciú a dhéanann Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Faoin Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009 tá oibleagáidí tuairiscithe fuinnimh faoi leith ag an earnáil poiblí . Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá FEÉ sásta go ndéanann sé a dhícheall leas a bhaint as na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus is féidir.



# Ráitis Airgeadais Bhliantúla don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas Science Foundation Ireland

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Science Foundation Ireland for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Science Foundation Ireland at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Science Foundation Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Science Foundation Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Seamus McCarthy**  
Comptroller and Auditor General

29 June 2020

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003 to audit the financial statements of Science Foundation Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Science Foundation Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Science Foundation Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.



# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidmiú. Cuireann san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Dea-Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá córas um rialú inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta nuashonrú fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina bhfuil cúigear comhaltaí, acu sin bhí triúr ina gcomhaltaí Boird le linn 2019 (agus is cuntasóirí cáilithe iad beirt acu sin) agus (is cuntasóir cáilithe duine acu sin). D'éirigh duine de na comhaltaí Boird, a bhí ina Chathoirleach ar an CIR agus a bhí ina chuntasóir cáilithe, as an mBord agus as Cathaoirleacht ar an CIR ar an 6 Nollaig 2019, agus an t-uasmhéid de dheich mbliana seirbhíse ar an mBord slánaithe aige. Ceapadh duine de chomhaltaí seachtracha an CIR, atá ina chuntasóir cáilithe, ar an mBord ar an 17 Nollaig 2019 agus thóg sé ceannas mar Chathaoirleach ar an CIR ón dáta sin. Tháinig an CIR le chéile naoi n-uaire in 2019. Bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí chomh maith a bhfuil dóthain acmhainní léi agus seolann sé clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Déantar feidhm iniúchóireachta inmheánaí agus ról an Comhordaitheora Iniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú do chomhlachtaí seirbhísí gairmiúla.

D'fhorbair an CIR beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach a inghlachthacht riosca, na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig na comhaltaí foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat um Riosca agus Rialú

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainithníonn agus a thuairiscínn na príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm trína sainithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus rinneadh iad sin a shainithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn dhá mhí. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa Chlár Rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- » Taifeadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó,
- » Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,
- » Córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air,
- » Tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú,
- » Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní an a chosaint, agus
- » Tá nósanna imeachta um rialú i bhfeidhm maidir le maoiniú a dheonú do ghníomhaireachtaí deontais lena chinntiú go rialaítear deonú deontas go leordhóthanach agus lena chinntiú gur cuireadh an maoiniú deontais a tugadh i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- » Sainiúnaíodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainiúnaítear a thuairisciú.
- » Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear freagracht as bainistíocht airgeadais a shannadh.
- » Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán.
- » Piarmheasúnú seachtrach ar gach togra taighde arna ndéanamh ag saineolaithe eolaíoch lena mheas ar fiú an togra ó dhearcadh taighde oideachais agus eolaíoch de agus an gcomhlíonann sé na critéir maidir le maoiniú.
- » Monatóireacht agus rialú ar gach deontas taighde a dheonaítear, agus íocaíochtaí bliantúla deontas bunaithe ar réamh-mheastacháin bhuiséid a sholáthraítear gach bliain do gach dámhachtain agus an rogha ann íocaíochtaí deontais a chur siar má bhíonn an caiteachas faoin mbuiséad.
- » Clár iniúchóireachta córasbhunaithe a dhéantar ag na Comhlachtaí Taighde Incháilithe ar bhonn bliantúil, a chumhdaíonn ar an meán ceithre chomhlacht taighde dhifriúla gach bliain.
- » Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- » Smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus treoirilnte reatha soláthair a chinntiú agus a chinntiú gur chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann na nósanna imeachta sin in 2019.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na nIníúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iníúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha le haghaidh 2019 ar an 30 Márta 2020.

## Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh laige ar bith sa rialú inmheánach maidir le 2019 ar theastaigh iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh Peter Clinch**

Cathaoirleach

Dáta: 26 Meitheamh 2020

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

		2019	2018
		Athshonraithe	
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Income</b>			
Deontais an Oireachtais	2	<b>207,429</b>	191,582
Ioncam Eile	3	<b>1,651</b>	3,100
Glanmhaoiniú Sochar Scoir larchurtha	5 (c)	<b>1,778</b>	1,666
		<b>210,858</b>	196,348
<b>Caiteachas</b>			
Speansais Riaracháin, Oibríochtaí agus Cur chun Cinn	4	<b>12,471</b>	10,776
Dímheas	6	<b>736</b>	164
Costais Sochar Scoir			
	5(a)	<b>1,564</b>	1,461
Deontais a Íocadh	9(a)	<b>189,657</b>	183,729
		<b>204,428</b>	196,130
Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		<b>6,430</b>	218
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	7	<b>(6,068)</b>	(84)
Barrachas don Bhliain i ndiaidh leithreasuithe		<b>362</b>	134
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail 1 Eanáir 2019		<b>727</b>	593
Iarmhéid Tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig		<b>1,089</b>	727

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**An tOllamh Peter Clinch**  
Cathaoirleach

Dáta: 26 Meitheamh 2020



**An tOllamh Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 26 Meitheamh 2020

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019	2018
		€'000	€'000
Barrachas i ndiaidh Leithreasuithe		362	134
Cailteanas ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir		(325)	(415)
Athrú ar bhoinn tuisceana is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar sainithe		(2,901)	810
Iomlán Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach sa tréimhse	5(d)	(3,226)	395
Coigeartú ar mhaoiniú sochar Scoir Iarchurtha		3,226	(395)
<b>Iomlán an Ioncaim Chuimsitheach don bhliain</b>		<b>362</b>	<b>134</b>

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh Peter Clinch**  
Cathaoirleach

Dáta: 26 Meitheamh 2020



**An tOllamh Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 26 Meitheamh 2020

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2019

		2019	2018
		Athshonraithe	
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	8	6,414	346
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Earraí Infhaighte	10	449	292
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		2,707	1,686
		3,156	1,978
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna atá Dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Suimeanna Iníoctha	11	(2,067)	(1,251)
Glansócmhainní Reatha		1,089	727
<b>Sochair scoir</b>			
Dlíteanas Sochar Scoir	5 (b)	(23,793)	(18,789)
Glansócmhainn um Maoiníú Sochar Scoir Iarchurtha	5 (b)	23,793	18,789
		-	-
<b>Iomlán na nGlansócmhainní</b>		<b>7,503</b>	<b>1,073</b>
<b>Léirithe ag:</b>			
Cuntas Caipitil	7	6,414	346
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		1,089	727
		7,503	1,073

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh Peter Clinch**  
Cathaoirleach

Dáta: 26 Meitheamh 2020



**An tOllamh Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 26 Meitheamh 2020

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

		2019	2018
		Athshonraithe	
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Réiteach an Bharrachais Ioncaim thar Chaiteachas		6,430	218
Dímheas maidir le maoin, gléasra agus trealamh	6	736	164
(Méadú) / Laghdú ar Earraí Infhaighte	10	(157)	605
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	11	816	545
<b>Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>7,825</b>	<b>1,532</b>
<b>Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	8	(6,838)	(248)
Dímheas maidir le maoin, gléasra agus trealamh		34	-
<b>Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>		<b>(6,804)</b>	<b>(248)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
		-	-
<b>Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>			
		<b>1,021</b>	<b>1,284</b>
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir 2019</b>			
		<b>1,686</b>	<b>402</b>
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig 2019</b>			
		<b>2,707</b>	<b>1,686</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús leis na beartais chuntasaíochta agus shuntasacha a ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad le linn na bliana agus na bliana roimhe sin.

#### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013, agus tá a Ceannoifig i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann arna leagan amach faoi alt 7 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013:

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (STEM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad. Chomh maith leis sin cuireann an Fhondúireacht staidéar ar oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus cuireann sé feasacht agus tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus go háirithe fás an gheilleagair chun cinn.

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

#### (b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

#### (c) Bunús an Ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag a luachanna córa atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna faomhadh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013. Tagann na ráitis airgeadais le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a tháinig i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta a thosaigh ar an 1 Meán Fómhair, 2016 nó ina dhiaidh sin. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

#### (d) Ioncam

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe ach amháin i gcás Deontas ón Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.



**(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ag an gcostas lúide Dímheas Carntha, coigeartaithe le haghaidh soláthar ar bith le haghaidh bearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach maoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn méid chothrom thar a saolréanna fóna measta, faoi mar a leanas:

(i)	Feabhsuithe Léasacha	thar an gcuid eile de shaolré an léasa
(ii)	Trealamh Ríomhaire agus Ríomhaire Bogearraí	3 bliana
(iii)	Feistí agus Daingneáin	5 bliana

Déantar sócmhainní a dhímheas i mbliain a gceannaigh murar coimisiúnaíodh / tugadh chun feidhme iad ag deireadh na bliana.

Léiríonn an luach iarmharach an luach iomlán a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais na díúscairthe a asbhaint, dá má rud é go raibh an tsócmhainn chomh sean is a rabhthas ag súil leis agus sa riocht a rabhthas ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

**(f) Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach agus tá sé scríofa ar aon dul leis an mbeartas dímheasa le haghaidh na sócmhainní sin.

**(g) Airgeadra Eachtrach**

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag deireadh na Bliana Airgeadais. Déantar ioncain agus costais a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí na mbun-idirbheart. Pléitear an barrachas nó na heasnamh a bhíonn mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncain agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncain Coimeáda.

**(h) Sochair Fostaithe****Sochair ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníochta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

**Sochair Scoir**

Oibríonn FEÉ Scéim Aoisliúntais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2016, ar scéim le Sochar sainithe í, don fhoireann ar fad a thosaigh ag obair leis an eagraíocht roimh 2013. Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís poiblí a ceapadh ar anv 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuill na fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na gcomhaltaí foirne, a tharchuirtear chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i ndáil le scéim sochar scoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis an Scéim Aonair. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid a bhfuil sé inghnóthaithe.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léirítear sna Ráitis Airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus maoiniú gaolmhar ar bith, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann na fostaithe iad.

Tomhaistear dliteanas scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

### **(i) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachas Ioncaim Coimeádta de réir mar a bheidh siad dlite. Aithnítear é mar speansas thar an tréimhse a bhaineann FEÉ sochar as úsáid an fhoirgnimh ar léas.

### **(j) Íocaíochtaí Deontas Taighde**

Déantar na méideanna a íoctar le Comhlachtaí Taighde ar bhonn deontais taighde a dhámhtar a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta i mbliain na híocaíochta.

### **(k) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasáíochta**

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na meastachán go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus go sonrach, saolré fhóna eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus chinn siad go bhfuil saolréanna na sócmhainne agus na luachanna iarmharacha cuí.

### **Oibleagáid Sochar Scoir**

Cinntear na boinn tuisceana is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá n-aithnítear na méideanna sna Ráitis Airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortláíochta agus rátaí treochtaí costas cúraim sláinte) agus déantar iad a nuashonrú ar bhonn bliantúil bunaithe ar na dálaí reatha eacnamaíocha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas dul i gcion ar na boinn tuisceana:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar ráta toraidh bannaí corparáideacha ardchaighdeáin.
- (ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo.
- (iii) Athruithe ar Dhéimeagrafaíocht.

## 2. Deontais an Oireachtais

Cuimsítear i nDeontais an Oireachtais a íoctar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó Vóta 32, Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (faoin gClár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta) arna léiriú sna ráitis airgeadais:

		2019	2018
<b>Deontais le haghaidh Caiteachas Reatha</b>		<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Íoc*	Fotheideal B.4	<b>4,992</b>	4,612
Speansais Riaracháin	Fotheideal B.4	<b>7,050</b>	5,980
<b>Deontais le haghaidh Caiteachas Caipitil</b>			
Deontais Taighde	Fotheideal B.4	<b>172,750</b>	175,490
Costais Chaipitil maidir leis an aistriú chuig Plás na dTrí Pháirc	Fotheideal B.4	<b>7,137</b>	-
Deontais Taighde	Fotheideal B.5	<b>15,500</b>	5,500
		<b>207,429</b>	191,582

\*Sonraítear an deontas le haghaidh caiteachas pá glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe €236,000 (2018: 223,000) a tarchuireadh chuig an Stáchtiste. Áirítear orthu sin asbhaintí €92,000 in 2019 (2018: €77,000) i ndáil le comhaltaí foirne na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a aistríodh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 2(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2019, méid comhlán na ndeontas a rinne an tAire le Fiontraíocht Éireann, ÚFT agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann lena gcur ar a gcumas a n-oibleagáidí Caipitil a chomhlíonadh agus ní shároidh na dlíteanais €14 billiún. Méadaíonn an teorainn seo ó €7 mbilliún i Nollaig 2019. Amhail an 31 Nollaig, 2019 b'ionann an méid comhlán a cuireadh ar fáil do na trí Ghníomhaireacht agus €8.9 billiún (2018 €6.5 billiún).

## 3. Ioncam Eile

		2019	2018
<b>Maoiniú Deontas Taighde:</b>	Nótaí	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
<b>Ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin eile le dámhachtainí a rinne FEÉ</b>			
Teagasc	3(a)	<b>189</b>	532
Foras na Mara	3(b)	<b>733</b>	704
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	3(c)	<b>101</b>	117
Cumann Geolaíochta na hÉireann	3(d)	<b>297</b>	296
An Bord Árachais Sláinte	3(e)	-	57
Cumann Ailse na hÉireann	3(f)	<b>52</b>	184
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	3(g)	-	820
Fo-lomlán		<b>1,372</b>	2,710

		2019	2018
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Ranníocaíocht i gcomhair gairmeacha ar mhaoiniú ERA NET</b>	3(h)		
» ERA-HDHL		60	129
» M-ERANET2		-	6
» NanoMed III AE		10	-
» BlueBio		1	-
» QuantERA		3	29
<b>Ioncam ó AE i ndáil le rannpháirtíocht FEÉ i ndámhachtainí Fhís 2020 mar a bhfuil FEÉ ina comhpháirtí</b>	3(i)		
ACT		36	24
INROAD		14	9
Ranníocaíocht ó Chorporáid Pfizer i gcomhair dámhachtainí a rinne FEÉ faoi Chlár Dámhachtainí um Nuálaíocht Bhiteiripe FEÉ-Pfizer		35	30
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa	3(j)	120	163
<b>Iomlán</b>		<b>1,651</b>	<b>3,100</b>

- Ranníocaíocht ó Teagasc i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúil a rinne FEÉ in 2014 agus 2017.
- Ranníocaíocht ó Fhoras na Mara i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinne FEÉ in 2016, 2017 agus 2018.
- Ranníocaíocht ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinne FEÉ in 2016 agus 2017.
- Ranníocaíocht ó Chumann Geolaíochta na hÉireann i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinneadh in 2016, 2017 agus 2018.
- Ranníocaíocht ón mBord Taighde Sláinte i ndáil le dámhachtain Comhpháirtíochta T&F SAM/Éire.
- Ranníocaíocht ó Chumann Ailse na hÉireann i gcomhair Clár Comhoibríoch Ionad Taighde Ailse ICS-FEÉ a dámhadh in 2015.
- Ranníocaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair Ionad Taighde FEÉ a dámhadh in 2018.
- Glacann FEÉ páirt i ngairmeacha éagsúla ar mhaoiniú ERA Net i gcomhar le gníomhaireachtaí maoiniúcháin Eorpacha eile agus AE. Mar chuid dá rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin, faigheann FEÉ maoiniú i gcomhair na gcostas caipitil a dhéantar agus i gcomhair na gcostas bainistíochta cláir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a reáchtáil.
- Tá FEÉ ina comhpháirtí in dhá dhámhachtain taighde AE a dhéantar faoi chlár taighde agus nuálaíochta Fhís 2020 an Aontais Eorpaigh; a) ACT (Pobail PrACTice chun Luas a chur le Comhionannas Inscne agus Athrú Institiúideach ar an Taighde agus an Nuálaíocht ar fud na hEorpa) agus b) InRoad (i dtreo sioncrónú níos fearr ar shuíomhanna tosaíochta agus sásraí meastóireachta le haghaidh bonneagar taighde a imíonn thar an ábharthacht náisiúnta).
- Maoiniú a tháinig as conradh bliantúil idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa le hOifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) a chur chun feidhme in Éirinn.

## 4. Speansais Riaracháin, Oibríochtaí agus Cur chun Cinn

	Nótaí	2019	2018
		€'000	€'000
			Athshonraithe
Luach Saothair agus Costais eile Phá	4(a)	5,409	5,166
Cóiríocht		2,240	971
Bainistíocht Chláir		1,100	687
Margaíocht agus Tacaíochtaí	4(b)	1,481	1,593
Tacaíocht agus Bonneagar TF		683	769
Speansais Riaracháin	4(c)	605	468
Seirbhísí Cuntasaíochta agus Iniúcháireachta Inmheánaí		324	337
Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta	4(d)	318	355
Sainseirbhísí agus Seirbhísí Oideachais		210	291
Bainistíocht AD		69	108
Táille Iniúcháireachta Reachtúla		32	31
<b>Iomlán</b>		<b>12,471</b>	<b>10,776</b>

### 4 (a) Luach Saothair agus costais eile phá

	Nótaí	2019	2018
		€'000	€'000
Tuarastail Foirne		4,576	4,266
Ranníocaíochtaí fostóirí le Leas Sóisialach		457	403
(Laghú) /Méadú ar Fhabhrú Pá Saoire		(30)	43
Oiliúint agus Forbairt Foirne		74	104
Costais Taistil agus Chothaithe na Foirne	4(e)	211	231
Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird	4(f)	121	119
<b>Iomlán</b>		<b>5,409</b>	<b>5,166</b>
An líon iarbhír a bhí fostaithe ag deireadh na bliana		62	59

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill foirne i scéimeanna pinsin le sochar sainithe de chuid na Seirbhíse Poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise a thagann as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus Acht Pá agus Athchóirí na Seirbhíse Poiblí 2017. Ghlac ranníocaíocht aoisliúntais bhreise áit deimhniú ar asbhaint a bhaineann le pinsean ar tháinig deireadh leis ag deireadh 2018. Cé gur bheart éigeandála sealadaí é deimhniú ar asbhaint a bhaineann le pinsean, is ranníocaíocht bhuan í ranníocaíocht aoisliúntais bhreise i ndáil le luach saothair inphinsin.

B'ionann cúiteamh an phríomhphearsanra bainistíochta san iomlán le haghaidh 2019 agus €841,000 (2018: €946,000). Áirítear leis sin an cúiteamh do na comhaltaí Boird, don Ard-Stiúrthóir agus do na cúig fheidhmeannach shinsearacha a thuairiscigh dó (lena n-áirítear clúdach saoire máithreachais le haghaidh feidhmeannach sinsearach amháin in 2018). D'asbhain Fondúireacht Eolaíochta Éireann tobhaigh pinsin ó bhaill foirne dar luach €220,000 (2018: €239,000) a íocadh anonn leis an Roinn Fiontar, Gnó agus Nuálaíochta. Ní dhearnadh íocaíochtaí ragoibre, liúntais eile nó íocaíochtaí foirceannta ar bith sa bhliain ach an oiread.

### 4 (b) Cuimsítear i Margaíocht agus Tacaíochtaí táillí comhairleora rannpháirtíochta poiblí de €124,000 (2018: €115,000).

**4 (c) Cuimsítear i Speansais Riaracháin caiteachas a bhaineann le fáilteachas foirne:**

	2019	2018
	€'000	€'000
Fáilteachas Foirne	4	1
Fáilteachas Cliant	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>4</b>	<b>1</b>

**4 (d) Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta**

	2019	2018
	€'000	€'000
		Athshonraithe
Comhairle Dhlíthiúil	93	150
Comhairle um Ionracas Taighde	29	22
Comhairle Acmhainní Daonna agus Pinsean	27	-
Comhairle maidir le Cáin agus Airgead	-	14
Athbhreithniú ar mheastóireacht Chlár Fionn FEÉ	-	37
Táillí Gairmiúla Eile	68	22
Seirbhísí Riaracháin	101	110
<b>Iomlán</b>	<b>318</b>	<b>355</b>

Asbhaineadh €181,000 de tháille le haghaidh Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta 2018 chun coigeartú ó bhliain roimhe seo a léiriú chun na táillí deartha, bainistíochta tionscadail agus comhairleoireachta a chaipitliú a tabhaíodh in 2018 i dtaca leis an aistriú chuig áitreabh nua. Féach nóta a hocht le haghaidh sonraí maidir leis an gcoigeartú seo.

Ní dhearnadh cásanna dlíthiúla nó socraíochtaí dlíthiúla ar bith in 2019. Sainíonn FEÉ táillí sainchomhairleoireachta mar chúraimí teoranta sonracha a bhaineann le sainscileanna nó sainchumas nach mbeadh laistigh de FEÉ de ghnáth.

**4 (e) Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

	2019	2018
	€'000	€'000
Taisteal Intíre agus Cothú	89	119
Taisteal Idirnáisiúnta agus Cothú	122	112
<b>Iomlán</b>	<b>211</b>	<b>231</b>

## Miondealú ar shochair fostaithe

Réimse Luach Saothair an Phríomhphearsanra Bainistíochta		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2019	2018
€60,000	- €69,999	14	10
€70,000	- €79,999	5	4
€80,000	- €89,999	3	-
€90,000	- €99,999	6	5
€100,000	- €109,999	5	6
€110,000	- €119,999	-	1
€120,000	- €129,999	1	-
€130,000	- €139,999	1	-
€140,000	- €149,999	-	1
€150,000	- €159,999	2	1
€160,000	- €169,999	-	-
€170,000	- €179,999	-	-
€180,000	- €189,999	-	1
€190,000	- €199,999	1	-

**Nóta:** Chun críocha an nochtá sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

**4(f) Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird**

	Táillí Boird 2019 €	Speansais Dearbhaithe 2019 €	Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu in 2019	Táillí Boird 2018 €	Speansais Dearbhaithe 2018 €	Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu in 2018
<b>Comhalta Boird</b>						
An tOllamh Peter Clinch	-	247	3 as 3	-	-	neamhbhainteach
An tOllamh Mark Ferguson	-	-	9 as 9	-	-	6 out of 6
An tOllamh Sir Tom Blundell	11,970	1,874	7 as 9	11,970	1,399	5 out of 6
Bernie Cullinan	11,165	292	9 as 9	11,970	215	5 out of 6
Aidan Donnelly	11,970	-	9 as 9	11,970	150	6 out of 6
Mary Doyle	-	278	7 as 9	-	114	6 out of 6
An Dr Pat Duane	6,789	-	3 as 6	11,970	-	6 out of 6
Máire Geoghegan Quinn	11,970	340	6 as 9	8,645	800	4 out of 5
Brendan Harte	-	-	1 as 1	-	-	neamhbhainteach
An tUasal Liam Madden	-	27,477	6 as 9	-	30,473	5 out of 6
Gráinne McAleese	11,970	-	6 as 9	2,220	-	1 out of 1
Dermot Mulligan	-	-	8 as 9	-	-	5 out of 6
Barry O'Sullivan	-	-	3 as 9	-	311	5 out of 6
Ann Riordan	-	-	n/a	19,031	439	5 out of 5
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*	8,550	-	n/a	-	-	neamhbhainteach
Speansais Ghinearálta an Bhoird*	-	16,480	n/a	-	6,935	neamhbhainteach
<b>Iomlán</b>	<b>74,384</b>	<b>46,988</b>		<b>77,776</b>	<b>40,836</b>	

Íoctar na comhaltaí Boird táillí arna socrú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socrúithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh Peter Clinch, an tOllamh Mark Ferguson, Mary Doyle, Uasal, agus an tUasal Dermot Mulligan.

\*Baineann na táillí Boird a íoctar le COBÁC leis an Ollamh Clinch, tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun cúiteamh a dhéanamh de chostais COBÁC (mar fhostóir) maidir leis an Ollamh Clinch a scaoileadh saor chun bheith ar Bhord FEÉ suas go dtí an táille ábhartha le haghaidh phost an Chathaoirligh. Lena chois sin, tharscaoil beirt chomhaltaí Boird, an tOllamh Liam Madden agus An tUasal Barry O'Sullivan, a dtáillí Boird.

Tá na comhaltaí seo a leanas bunaithe thar lear: Tá an tOllamh Sir Tom Blundell lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá an Dr. Rita Colwell, an tUasal Barry O'Sullivan agus an tOllamh Liam Madden lonnaithe i SAM.

Is é mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra le haghaidh 2019: bunphá bliantúil €193,000 (2018: €186,000) agus tá socrúithe caighdeánacha pinsin na hearnála poiblí i bhfeidhm. Ní raibh bónas ar bith i ndáil le feidhmíocht i bhfeidhm.

Tá an tOllamh Ferguson ina Phríomhchomhairleoir chomh maith don Rialtas, ról a bhí faoi riarachán Forfás roimhe seo. Ní luach saothair ar bith ann don ról seo agus íocann FEÉ na costais riaracháin uile don oifig. B'ionann iomlán na speansas don bhliain a thabhaigh an Ard-Stiúrthóir i gcomhlíonadh a dá ról agus €41,000 (2018: €62,000) ar bhain €600 díobh (2018: €4,000) le gníomhaíochtaí CSA.



Leagtar speansais dhearbhaithe comhaltaí boird mar seo a leanas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Taisteal Intíre agus Cothú	18	9
Taisteal Idirnáisiúnta agus Cothú	29	32
<b>Iomlán</b>	<b>47</b>	<b>41</b>

Áirítear ar speansais an Bhoird taisteal agus cothú €3,000 a íocadh díreach leis na comhaltaí Boird in 2019 (2018: €2,000). Baineann an t-iarmhéid €44,000 (2018: €39,000) le caiteachas a d'íoc Fondúireacht Eolaíochta Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird. Áirítear ar speansais ghinearálta an Bhoird le haghaidh 2019 costais as cóiríocht agus béilí i gcomhair cruinnithe Boird a tionóladh as an láithreán.

Na daoine a leanas a ceapadh ar an mBord agus na daoine a d'éirigh as in 2019:

1. D'éirigh an Dr Pat Duane as ar an 25 Iúil 2019.
2. Athcheapadh an tOllamh Sir Tom Blundell ar an 25 Iúil 2019.
3. Ceapadh an tOllamh Peter Clinch mar Chathaoirleach ar an 1 Lúnasa 2019.
4. D'éirigh an tUasal Bernie Cullinan ar an 7 Nollaig 2019.
5. Ceapadh an tUasal Brendan Harte ar an 17 Nollaig 2019.
6. D'éirigh an tUasal Barry O'Sullivan as ar an 31 Nollaig 2019.

Mar a dhearbhaigh an Bord ina chruinniú i nDeireadh Fómhair 2018, le héifeacht ó d'éirigh an tUasal Riordan as ar an 4 Nollaig 2018, ghlac an tUasal Bernie Cullinan, Leaschathaoirleach FEÉ sé freagracht as ról an Chathaoirligh go dtí go gceaptar Cathaoirleach nua ar an 1 Lúnasa, 2019 i ndiaidh phróiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Rinneadh Cathaoirleach den Uasal Aidan Donnelly ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtí an 1 Lúnasa, 2019 ar bhonn eatramhach.

## 5. Costais Sochar Scoir

### A. Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2019	2018
	€'000	€'000
Costas Seirbhíse Reatha	1,424	1,325
Ús ar Dhliteanais Scéimeanna Sochair Scoir	376	359
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(236)	(223)
	1,564	1,461

### B. Gluaiseacht i nglan-oibleagáid sochar Scoir le linn na bliana airgeadais

	2019	2018
	€'000	€'000
Glan-oibleagáid Sochar Scoir amhail an 1 Eanáir	18,789	17,518
Costas Seirbhíse Reatha	1,424	1,325
Costais Úis	376	359
Íocaíochtaí le Pinsinéirí	(22)	(18)
Cailtneas Achtúireach / (Gnóthachan)	3,226	(395)
<b>Glan-oibleagáid Sochar Scoir amhail an 31 Nollaig</b>	<b>23,793</b>	18,789

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe bonn tuisceana atá tuairiscithe thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na heachtraí sin an bonn reachtúil maidir le bunú na scéimeanna sochar scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí a dhéanann fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Ní fianaise ar bith ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin sin ar aghaidh ag íoc na suimeanna sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Is mar seo a leanas atá an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

### C. Glanmhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha

	2019	2018
	€'000	€'000
Maoiniú inghnóthaithe i ndáil le costais sochar scoir na Bliana Reatha	1,800	1,684
Lúide Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(22)	(18)
	1,778	1,666

#### D. Cur síos ginearálta ar an scéim

Tá an fhreagracht ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann as costais phinsin:

1. Ghlac baill foirne le héifeacht ó 16 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Forfás), 2014, ar bhaill de scéim Pinsean Forfás iad, páirt i scéim úr Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar théarmaí aoisliúntais nach lú fabhar ná na téarmaí a bhí acu faoi scéim Forfás díreach roimh dháta an aistrithe ó Forfás go FEÉ.

2. Baill foirne ar baill iad sa scéim pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Scéimeanna pinsean le sochar sainithe is ea iad an dá scéim agus maoinítear iad ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a thuilltear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Is scéimeanna tuarastail deiridh le sochar sainithe iad na scéimeanna lena bhfuil sochair scoir nasctha leis an tuarastal deiridh agus fad na seirbhíse. Bunaítear an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil achtúireach na scéimeanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe, ag cur san áireamh ceanglais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar na dlíteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2019.

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha faoi mar a leanas:

Déantar na dlíteanais a thaispeántar sna Cuntais Airgeadais a ríomh ag baint úsáid as modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa.	2019	2018
<b>Boinn Tuisceana Airgeadais</b>		
Ráta Lascaine*	<b>1.25% p.a</b>	2.0% p.a
Méaduithe ar Thuarastail Amach Anseo	<b>3.0% p.a</b>	3.3% p.a
Méaduithe ar Phinsin an Stáit Amach Anseo	<b>3.0% p.a</b>	3.3% p.a
Méaduithe ar Phinsin Amach Anseo	<b>2.5% p.a</b>	2.8% p.a
Boilsciú Praghsanna amach anseo	<b>1.5% p.a</b>	1.8% p.a
Athmheasúnú in Iarchur	<b>2.5% p.a</b>	2.8% p.a

\* léiríonn an ráta lascaine fad na ndlíteanais de thart ar 31 bliain in 2019 (31 bliain in 2018)

#### Boinn Tuisceana Déimeagrafacha

Mortláiocht Réamh-Scoir	<b>62% PNMLOO (Fir)</b>	62% PNMLOO (Males)
	<b>70% PNFLOO (Mná)</b>	70% PNFLOO (Females)
Mortláiocht Iar-Scoir	<b>58% ILT15 (Fir)</b>	58% ILT15 (Fir)
	<b>62% ILT15 (Mná)</b>	62% ILT15 (Mná)
<b>Aois Scoir</b>		
Iontrálaithe Úra	<b>65 bliain d'aois</b>	65 bliain d'aois
Baill Eile	<b>62 bliain d'aois</b>	62 bliain d'aois

Soláthraítear go sainráite leis an mbonn Mortlaíochta d'fheabhsuithe ar an ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag scor ar an mbliain a shlánóidh ball an aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhail a shlánóidh 65 bliain d'aois in 2019 agus in 2039.

<b>Bliain a shlánófar 65 bliain d'aois</b>	<b>2019</b>	<b>2039</b>
Ionchas saoil - Fear	<b>21.5</b>	<b>23.9</b>
Ionchas saoil - Bean	<b>24.0</b>	<b>26.0</b>

#### Figúirí Comparáideacha na Bliana Roimhe sin

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig	<b>2019</b> €'000s	<b>2018</b> €'000s	<b>2017</b> €'000s	<b>2016</b> €'000s	<b>2015</b> €'000s
<b>Dlíteanas pinsin deiridh</b>	<b>23,793</b>	18,789	17,518	15,113	10,076
(Caillteanas) / Gnóthachan ó thaithí ar Dhliteanas an Phlean	<b>(325)</b>	(415)	(828)	161	(469)
% Dlíteanas	<b>-1.3%</b>	-2.2%	-4.7%	1.1%	-4.6%
(Caillteanas) / Gnóthachan iomlán aitheanta i Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	<b>(3,226)</b>	395	(824)	(3,766)	(1,058)
% Dlíteanas	<b>-13.5%</b>	2.1%	-4.7%	-24.9%	-10.5%

## 6. Dímheas

	<b>Nóta</b>	<b>2019</b> €'000	<b>2018</b> €'000
Táille dímheasa don bhliain	8	<b>736</b>	164
		<b>736</b>	164

## 7. Cuntas Caipitil

	<b>2019</b> €'000	2018 Athshonraithe €'000
<b>Iarmhaid Tosaigh amhail an 1 Eanáir</b>	<b>346</b>	262
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí		
Ioncaim Choimeádta		
- Chun éadálacha Sócmhainní Seasta a cheannach	8	248
- Amúchta i gcomhréir le dímheas sócmhainní	8	(164)
- Chun caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta a léiriú	<b>(34)</b>	-
	<b>6,068</b>	84
<b>Iarmhaid deiridh amhail an 31 Nollaig</b>	<b>6,414</b>	346

## 8. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Feabhsuithe Léasacha €'000	Trealamh Ríomhaire €'000	Ríomhaire Bogearraí €'000	Daingneáin agus Feistí €'000	Iomlán €'000
	Athshonraithe				Athshonraithe
<b>Costas</b>					
Amhail an 1 Eanáir 2019	181	896	768	166	2,011
Breiseanna	5,236	920	-	682	6,838
Diúscairtí/Díluachálacha	-	(587)	(637)	(164)	(1,388)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<b>5,417</b>	<b>1,229</b>	<b>131</b>	<b>684</b>	<b>7,461</b>
<b>Dímheas</b>					
Amhail an 1 Eanáir 2019	-	776	751	138	1,665
Muirear le haghaidh na Bliana	226	369	5	136	736
Diúscairtí/Díluachálacha	-	(584)	(633)	(137)	(1,354)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<b>226</b>	<b>561</b>	<b>123</b>	<b>137</b>	<b>1,047</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>					
Amhail an 1 Eanáir 2019	181	120	17	28	346
Glangluaiseacht don Bhliain	5,010	548	(9)	519	6,068
<b>Amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<b>5,191</b>	<b>668</b>	<b>8</b>	<b>547</b>	<b>6,414</b>

### Coigeartú na Bliana roimhe - Feabhsuithe Léasacha

I ráitis airgeadais 2018 gearradh táillí Deartha, Bainistíochta Tionscadail agus Comhairleoireachta don aistriú chuig áitreabh nua dar luach iomlán €181,000 ar sheirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta. In 2019 tabhíodh táillí breise Deartha, Bainistíochta Tionscadail agus Comhairleoireachta dar luach €554,000 agus tá siad á gcaipitliú faoi Fheabhsuithe Léasacha. Chun comhsheasmhacht maidir le cur chuige cuntasáochta le haghaidh caipitiliú gach costais chomhairleoireachta a chinntiú, athshonraítear figiúirí comparáideacha 2018 chun na costais seo a léiriú mar Fheabhsuithe Léasacha.

Seo a leanas tionchar fhiúirí comparáideacha 2018:

	Foilsithe €'000	Coigeartú €'000	Athshonraithe €'000
Feabhsuithe Léasacha	-	181	181
Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta	536	(181)	355
Cuntas Caipitil	165	181	346
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana	727	-	727

## 9. Deontais

9 (a) Anailís ar Dheontais a Íocadh	2019 €'000	2018 €'000
Réimse Tosaíochta A - Líonraí agus Cumarsáid Amach Anseo	16,995	12,279
Réimse Tosaíochta B - Anailísíocht, Bainistíocht, Slándáil agus Príobháideachas Sonraí	23,729	10,898
Réimse Tosaíochta C - Ardáin, Inneachar agus Feidhmchláir Dhigiteacha	8,265	11,032
Réimse Tosaíochta D - Sláinte Nasctha agus Maireachtáil Neamhspleách	2,570	1,643
Réimse Tosaíochta E - Feistí Leighis	10,378	11,607
Réimse Tosaíochta F - Diagnóisic	16,920	18,863
Réimse Tosaíochta G - Teiripe: Sintéis, Ceapadh, Próiseáil agus Seachadadh Drugaí	19,104	16,084
Réimse Tosaíochta H - Bia don tSláinte	9,181	6,721
Réimse Tosaíochta I - Táirgeadh agus Próiseáil Bia Inbhuanaithe	6,283	11,877
Réimse Tosaíochta J - Fuinneamh Muirí In-athnuaite	6,066	5,128
Réimse Tosaíochta K - Eangacha Cliste agus Cathracha Cliste	6,079	5,199
Réimse Tosaíocht L - Iomaíochas Déantúsaíochta	9,989	5,386
Réimse Tosaíochta M - Teicneolaíochtaí Próiseála agus Ábhair Núíosacha	23,210	37,059
Réimse Tosaíochta N - Nuálaíocht i Seirbhísí agus i bPróisis Ghnó	546	599
Buneolaíocht Bithleighis	6,898	7,139
Eile	23,444	22,215
<b>Iomlán</b>	<b>189,657</b>	<b>183,729</b>

Léiríonn an anailís ar dheontais a íocadh torthaí na Straitéise Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde arna glacadh ag an Rialtas i ndiaidh ionchur ón bpobal taighde, ón earnáil fiontraíochta agus ó ranna agus gníomhaireachtaí um maoiniú taighde.

9 (b) Ceangaltais Deontas	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Ceangaltais Deontas Amuigh amhail an 1 Eanáir</b>		<b>400,897</b>	458,006
Deontais a Ceadaiódh le linn na bliana		448,510	132,077
Dídhílsiú le linn na bliana		(5,555)	(8,166)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh le linn na bliana – Comhlán	9(a)	(189,657)	(183,730)
Méideanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí um maoiniú eile le haghaidh Chómhaoiniú dámhachtainí FEÉ	3		
Teagasc		189	532
Foras na Mara		733	704
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil		101	117
Cumann Geolaíochta na hÉireann		297	296
An Bord Árachais Sláinte		-	57
Cumann Ailse na hÉireann		52	184
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara		-	820
<b>Ceangaltais Amuigh ag an 31 Nollaig 2016</b>		<b>655,567</b>	400,897

## 10. Receivables

	2019 €'000	2018 €'000
Féichiúnaithe	20	13
Réamhíocaíochtaí agus ioncam Fabhráithe	429	279
<b>Iomlán</b>	<b>449</b>	<b>292</b>

